

# Tuarascáil Bhliantúil 2023





*"There is something inherently calming about watching beekeepers at work, and this warmly anticipated documentary shines a light on Connemara beekeeper Paddy Ó Fiannachta"*

Chris Wasser, *Irish Independent* 29/12/23

***Paddy na Meachain*** léirithe ag Aniar TV

# TG4 Tuarascáil Bhliantúil 2023


| | |
|---|---|
| Misean, Fís agus Croíluachanna | 3 |
| Gealltanais TG4 | 7 |
| Buaicphointí Feidhmíochta TG4 | 8 |
| Bord Theilifís na Gaeilge agus Faisnéis Eile | 17 |
| Tuairisc an Chathaoirligh | 18 |
| Tuairisc an Ard-Stiúrthóra | 22 |
| Ráiteas faoi Chúrsaí Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird | 30 |
| Athbhreithniú Airgeadais | 33 |
| Ráitis Airgeadais | 34 |

“*The British photographer captured an island on the cusp of immense change in 1950. He has ventured back to Inis Meáin for a new documentary on TG4*”

Marjorie Brennan, *Irish Examiner* *25/12/23*



***Inis Meáin Idir Dhá Linn*** léirithe ag Aniar TV

# Misean, Fís agus Croíluachanna

Is é misean TG4 ná go soláthraímid seirbhísí siamsúla nuálacha meán trína ndéantar ceiliúradh ar chruthaitheacht na Gaeilge agus trína ndéantar caidreamh a chothú leis an lucht féachana in Éirinn agus ar fud an domhain. Trí chomhpháirtíocht leis an earnáil chlosamhairc Ghaeilge, cumasaímid cruthú ábhair den scoth agus tacaímid le fás eacnamaíochta in Éirinn.

Is é fís TG4 "*an Ghaeilge agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn chun áit lárnach a chinntiú do TG4 i saol an Éireannaigh, in Éirinn agus thar lear*".

Cuimsítear fís agus misean TG4 i mana TG4, "*súil eile*", a aithníonn an gá atá le fanacht mar chuid den phríomhshruth le cláir nideoige trí chláir d'ardchaighdeán a choimisiúnú/a cheannach agus a chraoladh, cláir atá in ann dul san iomaíocht le leibhéil láidre lucht féachana a tharraingt agus iad a choinneáil.

Bíonn tionchar ag luachanna TG4 ar an gcaoi a mbainfear an straitéis sin amach agus ar an gcaoi a n-oibríonn sí agus, tríd is tríd, léiríonn siad na prionsabail atá i gcroílár shaintréithe na heagraíochta. Bítear ag súil go mbeidh na luachanna sin mar threoirphrionsabail ag gach fostaí de chuid TG4 ina gcuid oibre.



***Grace Kelly — Banphrionsa Mhaigh Eo***
léirithe ag Dearg Films




***Téacs Taistil*** léirithe ag Macalla Teoranta

*"Clár faisnéise taitneamhach faoi Bhanphrionsa Mhaigh Eo agus Mhonacó"*

Breandán M Mac Gearailt, *Tuairisc.ie*, 26/12/23

*"Prince Albert II, travelled with (Grace Kelly) to Ireland as a child and has visited numerous times since. He recently sat down with Irish television channel TG4 to chat about how his mother felt at home in Ireland."*

Martha Brennan, *Irish Star* 11/12/23

*"TG4's Téacs Taistil transports viewers from their couches to a different destination each week, for what they describe as 'an inspirational, fun and entertaining 50-minute escape'."*

Fiona Audley, *The Irish Post* 4/4/23

# Croíluachanna TG4

*“In Laochra Gael, the Galway hurling great (Joe Canning) gives a compelling insight into a unique career while showing that sport is never just about sport.”*

Ed Power, *The Irish Times*
Ed Power, *The Irish Times*
26/1/23

*“In Mary Kennedy — Fad Saoil, the broadcaster is on a mission to inspire her peers to embrace life and see the positives.”*

Michelle Townsend, *RSVP Live*
15/2/23

**Ceangal:**

- Nasc laethúil leis an nGaeilge a chur ar fáil don lucht féachana go léir de gach aois anseo sa bhaile agus ar fud an domhain.
- An lucht féachana a chur i lár báire san uile ní dá ndéanaimid.
- Malairt léargais a sholáthar ar chúrsaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

**Barr feabhais agus Luach ar Airgead:**

- Sceideal clár agus ábhar ar ardchaighdeán a chur ar fáil.
- Struchtúr éifeachtach éifeachtúil ó thaobh costais a chur i bhfeidhm.

**Cruthaitheacht:**

- A bheith cruthaitheach inár n-aschur agus i ngach ní a dhéanaimid.
- Ábhar nuálach uathúil a chur ar fáil.
- Cruthaitheacht agus cultúr na Gaeilge a cheiliúradh.

**Réamhghníomhach:**

- Dea-rún agus meon comhoibríoch na heagraíochta agus na foirne a choinneáil agus a chur chun cinn.



Joe Canning, ***Laochra Gael***, léirithe ag Nemeton TV





***Mary Kennedy: Fad Saoil*** léirithe ag Tyrone Productions



*Paul Mescal faoi agallamh ag Caitlín Nic Aoidh ag na Baftas*

# Éagsúlacht, Comhionannas agus Ionchuimsiú

Tá forbairt agus cur chun feidhme Straitéis ÉCI (Straitéis Éagsúlachta, Comhionannais agus Ionchuimsithe) TG4 go dtí seo faoi stiúir an Fhóraim Seaimpíní, a bhfuil ionadaithe air ó ar fud eagraíocht TG4. Le linn 2023 thosaigh TG4 ar straitéis Inbhuanaitheachta níos cuimsithí a fhorbairt lena gcuimsítear gníomhaíochtaí uile CSR (Comhshaol, Sóisialta agus Rialachas). Tá straitéis agus gníomhartha ÉCI TG4 á gcur san áireamh i gcolún 'Sóisialta' na straitéise sin. Cuireadh suirbhé cuimsitheach ar pháirtithe leasmhara i gcrích in 2023 agus cuireadh tús leis an bpleanáil le haghaidh próiseas comhairliúcháin chun an straitéis Inbhuanaitheachta a thabhairt chun críche agus plean gníomhaíochta a fhorbairt in 2024

Cuireadh straitéis agus scála tomhais ÉCI TG4 ar fáil den chéad uair i mí Eanáir 2022 agus tá siad á gcur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach. Mar chuid den phróiseas seo, cuireann TG4 roinnt scálaí tomhais ÉCI i dtoll a chéile agus tomhaistear iad lena n-áirítear: baill foirne de réir stádas fostaíochta; baill foirne de réir inscne agus Rannóige; baill foirne de réir inscne agus leibhéil; baill foirne de réir deicíl aoise agus Rannóige; baill foirne 55+; baill foirne de réir blianta seirbhíse; agallaithe poist agus iarratasóirí a d'éirigh leo de réir inscne; agus staitisticí maidir leis an mbearna phá idir na hinscní. Rinneadh na scálaí tomhais go léir a bhonnlíneáil ag deireadh na bliana 2022 agus déantar iad a thomhas go bliantúil chun monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar ÉCI in TG4.

Léirítear i bhfigiúirí na bliana 2023 go bhfuil cothromaíocht an-dearfach ag TG4 i ndáil le hinscne ar fud aoischohórt agus rannóg. Leantar de thacaíochtaí breise a chur ar fáil chun tacú le hoibrithe mná dul chun cinn i réimsí teicniúla a bhfuil éagothroime ann go traidisiúnta, rud atá ag tarlú sa tionscal trí chéile. Tá cohórt níos airde d'fhoireann mná sna réimsí riaracháin agus coimisiúnaithe. Léirítear sna tomhais ar an mbearna Phá idir na hInscní nach bhfuil ach difríocht fhíorbheag idir cohóirt inscne agus go deimhin go bhfuil na tomhais i bhfábhar na mban seachas na fir. Go dtí seo, is go deonach a dhéanann TG4 tuairisciú ar Phá Inscne, ach ó 2025 ar aghaidh beidh sé éigeantach. Tá polasaí nua oibre solúbtha, pleanáil straitéiseach comharbachta, intéirneachtaí agus clár printíseachta a chur ar fáil ag cuidiú chun an fórsa saothair a éagsúlú tuilleadh.



***Dennis Cahill — Litir ó do Chara*** léirithe ag Aniar TV

*"Ireland Cheers Paul Mescal for Embracing Irish Language — Mescal, 27, was walking the red carpet in London when he stopped to talk with TG4"*

*The New York Times* 25/2/23

*"Saothar cumhachtach dóchasach ba ea 'Biseach ón Ailse' ar TG4"*

Breandán M Mac Gearailt, *Tuairisc.ie*, 28/6/23

*"Film exploring life of Irish American musician Dennis Cahill is a must-see"*

Paul Keating, *Irish Central* 3/3/23



***Ó Bhéal*** léirithe ag Mind the Gap Films Ltd

*"Ó Bhéal is a beguiling whirl of new and old Irish music"*

Declan Burke, *Irish Examiner* 17/11/23

*"TG4's new crime series features heartbreaking look into racist murder of teen Toyosi Shittabey in Dublin"*

Pat Stacey, *Irish Independent* 23/3/23

*"TG4 current affairs documentary Iniúchadh TG4 – Céad Míle Fáilte? has been announced as the overall winner in the Investigative Journalism category at Prix CIRCOM 2023."*

Irish Film and Television Network, 27/4/2023

Chuir Fóram Seaimpíní TG4 gníomhartha ÉCI i bhfeidhm le linn na bliana 2023 ar fud trí cholún; fórsa saothair ionchuimsitheach, san ábhar a fhoilsíonn muid agus inár bpobail tionchair. Cuireadh réimse de ghníomhaíochtaí oiliúna feasachta ar fáil don fhoireann. Ar mhaithe le cur le traidisiún TG4 a bheith ag tacú le mná sa spórt, leanamar de réimse leathan clár agus ábhar a chur ar fáil ar fud gach ardán inar taispeánadh Peil na mBan, AFLW, sacar, rugbaí, cispheil, rásaíocht, rothaíocht na mban agus go leor eile. Cuireadh béim freisin ar níos mó éagsúlachta san ábhar a fuaireamar agus a choimisiúnaíomar. Tá lúcháir orainn gur léiríodh leagan i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann de dhráma móréilimh TG4 do dhéagóirí 'Saol Ella'. Ba phróiseas casta é seo a raibh ar an gcomhlacht léiriúcháin, Danú Media, comhoibriú le saineolaithe ISL chun sreafaí oibre nua a cheapadh chun oibriú ó Ghaeilge go Teanga Chomharthaíochta na hÉireann. Táimid buíoch de



***Marú inár Measc*** léirithe ag Midas Productions

Choimisiún na Meán as a dtacaíocht ina leith seo. Rinne TG4 obair freisin in 2023 ar thionscnaimh ÉCI i gcomhar le hAontas Craolacháin na hEorpa, le Fís Éireann, le IBEC agus le páirtithe leasmhara tábhachtacha eile.



***Iniúchadh TG4*** léirithe ag Clean State TV

# Gealltanais TG4 don bhliain 2023

**Tá 7 dtosaíocht aitheanta ag TG4 don bhliain 2023:**

1. **Lucht Féachana:** Leanúint ag cur le babhtaí breathnaithe agus le lucht féachana trasardáin TG4.

2. **Lucht Féachana Níos Óige:** Infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí do leanaí agus in ábhar don lucht féachana idir 15-34 bliain d'aois, caidreamh an lucht féachana óg le TG4 agus leis an nGaeilge a neartú.

3. **Pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta:** Freastal níos fearr arís a dhéanamh ar phobal na Gaeilge agus ar phobal na Gaeltachta.

4. **Geilleagar Réigiúnach Ildánach:** Treisiú le forás ar eacnamaíocht na cruthaitheachta sna réigiúin in Éirinn le hinfheistíocht i bhforbairt ábhair agus i bhforbairt cumais.

5. **Idirnáisiúnú Lorg Cultúir Chruthaithigh TG4:** Lorg domhanda cultúir agus teanga TG4 a neartú.

6. **Maoiniú agus Scála:** A chinntiú go ndéantar maoiniú leordhóthanach ar TG4 chun forás a dhéanamh agus a chinntiú go dtugtar luach an airgid i gcrích maidir leis na cistí poiblí.

7. **ESG — Cúrsaí Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais:** Fiúntas poiblí a thabhairt i gcrích trí thionchar sochaíoch TG4 agus trínár n-aidhmeanna inbhuanaitheachta agus éagsúlachta.



***Men's Sheds*** léirithe ag Macha Media

*"The four-part series is a stirring portrait of what the Men's Shed movement creates: companionship, connection, and compassion among men, standing shoulder-to-shoulder as they work and socialise together.'"*

Helen O'Callaghan, *Irish Examiner* 25/5/23

# Buaicphointí Feidhmíochta 2023

*"Bhí An Cailín Ciúin, [ar] an 17ú scannán is mó tóir i Meiriceá ag an deireadh seachtaine."*

Méabh Ní Thuathaláin, *Tuairisc.ie* 29/3/23


Baineadh go leor amach sa bhliain 2023. Tá sciar TG4 den lucht féachana náisiúnta teilifíse agus rannpháirtíocht TG4 leis an lucht féachana imithe ó neart go neart le ceithre bliana agus baineadh amach an sciar ba mhó den lucht féachana náisiúnta teilifíse do TG4 in 2023 ón mbliain 2009. Aithníonn 8 as gach 10 duine fásta in Éirinn TG4 mar an beart is dearfaí chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus creideann 9 as gach 10 duine fásta go bhfuil gá soiléir le TG4 sa chraoltóireacht in Éirinn agus go bhfuil ról soiléir aige inti.



An Cailín Ciúin ag na Oscars

*"The Irish language once provoked 'strong resistance.' Now it has a place at the Oscars"*

Carlos Aguilar, *Los Angeles Times* 23/2/23



# TG4 ag na Gradaim Oscar


*An Cailín Ciúin* ag na Oscars

Bhí ainmniúchán *An Cailín Ciúin* do Cine4 don ‘Fhadscannán Idirnáisiúnta is Fearr’ ag na Gradaim Oscar ina bhuaicphointe suntasach ag TG4. Ba é an chéad uair riamh é ag fadscannán Gaeilge ainmniúchán a fháil sa chatagóir don Fhadscannán Idirnáisiúnta is Fearr. Bhí an-tóir ag an lucht féachana ar an scannán, arna stiúradh ag Colm Bairéad agus arna léiriú ag Cleona Ní Chrualaoi, ag féilte scannán ar fud an domhain agus tá ardmholadh faighte aige ó léirmheastóirí. Is é an scannán Gaeilge is mó ráchairte go dtí seo é sna pictiúrlanna.


*Róise & Frank* léirithe ag Macalla Teoranta

Fuair gach ceann de na sé scannán de chuid Cine4 a léiríodh go dtí seo moladh ó na léirmheastóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Eisíodh scannán eile de chuid Cine4 a bhfuil gradaim buaite aige, *Róise & Frank*, arna léiriú ag Macalla


*Kneecap* ag féile Sundance

Teoranta, sna Stáit Aontaithe i Márta 2023. D’oscail an scannán *Tarrac* le Cine4, arna léiriú ag Icebox Films, i bpictiúrlanna na hÉireann i mí Dheireadh Fómhair.

Thugamar tacaíocht in 2023 do dhá phríomh-scannán Gaeilge eile a fhorbairt agus a léiriú, *Fidil Ghorm*, scannán don teaghlach agus *Fréamhacha*, scannán fantaisíochta. Tosófar leis an dá scannán a thaispeáint sna hamharclanna agus ag féilte in 2024 agus in 2025 sula gcraolfar iad den chéad uair ar TG4.

Cuireadh clabhsúr ar an mbliain 2023 leis an scéala go dtaispeánfaí scannán a fuair maoiniú ó TG4 *Kneecap* don domhan den chéad uair ag Féile Scannán Sundance 2024.

*“‘The great green wave’: celebrating 2023’s Irish Oscars takeover”*

Matthew Cantor,
*The Guardian* 29/3/23

*"Is cinnte gur céim dhúshlánach í seo ag TG4 ach is léir ón stair atá ag an gcainéal in imeacht na mblianta — agus is féidir a rá gurb é An Cailín Ciúin, cailín a bhí idir 7-12 bliana d'aois dála an scéil, an bhuaic — go bhfuil siad réidh tabhairt faoi."*

Concubhar Ó Liatháin, *Irish Independent* 13/9/23

*"TG4's new venture promises to bring playhouses, water games and Nuacht for children through 'fun and colourful experience' on screen."*

Laura Slattery, *The Irish Times* 8/9/23



**Síle Ní Chonghaile agus Seosamh Mac Seoin, *Cúla4***

# Seoladh Cainéal Cúla4

Rinne TG4 ceiliúradh ar sheoladh Cúla4 ar an 8 Meán Fómhair 2023, an chéad chainéal Gaeilge atá dírithe ar leanaí riamh. An tAire Catherine Martin a sheol an cainéal ar lá álainn grianmhar i gConamara. Is féidir an cainéal a fháil ar na hardáin go léir agus ar Aip tiomnaithe Cúla4. Bíonn an cainéal, atá á chur i láthair ag Niamh Ní Chróinín (as Baile Átha Cliath), Seosamh Mac Seoin (as Béal Feirste) agus Síle Ní Chonghaile (as Gaillimh), ag craoladh gach lá ón 6am go dtí 8pm. Taispeántar réimse leathan d'ábhar coimisiúnaithe ó earnáil na léiritheoirí neamhspleácha in Éirinn, ábhar beochana atá ceannaithe agus athghuthú déanta air, mar aon le seirbhís laethúil nuachta, Nuacht Cúla4.



**Niamh Ní Chróinín, *Cúla4***

Nuair a bhí an cainéal á sheoladh, dúirt an tAire go raibh sí "*sásta Cúla4 a sheoladh, cainéal Gaeilge atá dírithe go hiomlán ar leanaí a dhéanfaidh úsáid laethúil na Gaeilge a leabú agus a normalú don chéad ghlúin eile. Ní mór do dhaoine óga a bheith ábalta iad féin a fheiceáil ag baint rudaí iontacha amach i ngach cuid den saol agus cuireann Cúla4 ar chumas daoine óga a bhfuil Gaeilge acu ionadaíocht orthu féin a fheiceáil ar an scáileán.*"

Chuir Ard-Stiúrthóir TG4 Alan Esslemont fáilte roimh sheoladh an chainéil agus dúirt gurb é "*an t-aon chúnamh is mó atá ag Éirinn i leith éagsúlacht dhomhanda ná an cumas atá aici an teanga a chur ar aghaidh ó ghlúin go glúin mar theanga bheo na mbailte agus na bpobal. Sa chomhthéacs sin, tá tábhacht ó thaobh na staire ag baint leis an gcead a thug an tAire Catherine Martin cainéal Gaeilge ar leith do leanaí a bhunú. Tá an Béarla le feiceáil i ngach áit sna meáin chumarsáide ar fud an domhain agus má tá an Ghaeilge fós le bheith ina teanga phobail amach anseo, ní mór do sheirbhísí do leanaí TG4 a bheith feiceálach, fuinniúil agus tarraingteach chun caidreamh leanaí leis na meáin chumarsáide Ghaeilge a threisiú agus trí sin an caidreamh atá acu leis an nGaeilge a chothú.*"

# Lucht Féachana 2023

Tugadh fás leanúnach faoi deara ar sciar TG4 den lucht féachana náisiúnta teilifíse agus den idirchaidreamh leis an lucht féachana le ceithre bliana anuas agus baineadh amach an sciar ba mhó den lucht féachana náisiúnta teilifíse do TG4 in 2023 ó bhí 2009 ann. Tháinig méadú 7% ar an sciar den lucht féachana go dtí 2.1% agus tháinig méadú 4.2% ar ár sciar féachana i rith an phríomh-ama i gcomparáid leis an bhliain roimhe seo. Lean borradh ag teacht freisin ar an líon daoine a bhí ag amharc ar mheáin dhigiteacha TG4, agus tháinig méadú 6% ar líon na n-amharc ar ár seirbhís Seinnteora agus méadú níos mó ná 19% ar *Molscéal* agus 49% ar *BLOC*, cainéal meán sóisialta TG4 don lucht féachana níos óige.

| | |
|---|---|
| **2.1%** | An meánsciar den lucht féachana teilifíse ar feadh an lae. **2.24%** an sciar den lucht féachana teilifíse i rith buaicthráthanna craolta. |
| **70%** | Aimsiú lucht féachana na Gaeltachta ar bhonn trasmheán (**65%** leis an lucht féachana ar fad a bhfuil Gaeilge acu agus **69%** le cainteoirí laethúla Gaeilge — na hardáin líneacha agus dhigiteacha ar fad) |
| **7ú** | Áit i measc na 10 gcainéal craolacháin is mó lucht féachana in Éirinn. |
| **85%** | Meánaimsiú seachtainiúil Cúla4 an Lucht Féachana ar Ábhar Craolacháin do Leanaí. |
| **4,646m** | An líon nóiméad a féachadh ar ábhar TG4 — (Craolacháin Líneach agus Seinnteoir TG4). |
| **82.8m** | Babhtaí Féachana ar Fhíseáin Trasardáin. |
| **77.7m** | Babhtaí Féachana ar na Meáin Shóisialta (príomhthrácht). |
| **4.48m** | Babhtaí féachana *Bloc* – Cainéal Meán Sóisialta TG4 do dhaoine 18-34. Ardú **49%** ón mbliain 2022. |
| **70%** | Aimsiú seachtainiúil Lucht Féachana na Gaeltachta ar bhonn trasmheán (na hardáin líneacha agus dhigiteacha ar fad). **69%** le gach duine a labhraíonn Gaeilge gach lá. |
| **3.1m** | Babhtaí féachana *Molscéal* — ardán do scéalta pobail Gaeilge ón nGaeltacht — ardú **19.2%** ón mbliain 2022. |
| **91%** | An sciar de lucht féachana na Gaeilge a aithníonn go bhfuil TG4 ag freastal ar lucht féachana labhartha na Gaeilge chomh maith le lucht féachana na Gaeltachta. |
| **87%** | An sciar den phobal a aontaíonn go bhfuil TG4 riachtanach maidir le hinbhuanaitheacht éiteas agus shainiúlacht leanúnach na Gaeilge agus na bpobal Gaeltachta |
| **88%** | An sciar den Phobal a aithníonn gur seirbhís thábhachtach é TG4 maidir le bonn treise a chur faoin nGaeilge agus an teanga a chur chun cinn. |
| **85%** | An sciar den Phobal a aithníonn gur seirbhís thábhachtach é TG4 maidir le bonn treise a chur faoi chultúr agus faoi ealaíona na Gaeilge agus iad a chur chun cinn. |
| **81%** | An sciar de lucht féachana na Gaeilge a aontaíonn go gcoinníonn TG4 ar an eolas iad. |

***Na Goirt Órga:***

*"Kerry's Dara Ó Cinnéide to explore world's great sporting arenas in new TG4 documentary series"*

Damian Stack, *Irish Independent*, 22/3/23

*"Reds na hÉireann, looking at the low-key story of Irish communism from 1921 to the collapse of the Soviet Union in 1991, was another offbeat gem of a documentary from the country's smallest but smartest broadcaster."*

Pat Stacey, *Irish Independent*, 24/5/23




***GAA Beo*** léirithe ag Nemeton TV

# Buaicphointí ábhair

*"Hector: Ó na Philippines go dtí na Solomons promises to be highly entertaining and informative TV."*

*The Journal*, 9/1/2023

Ba é Cluiche Ceannais Peile Allianz idir Gaillimh agus Maigh Eo ar an gclár *GAA Beo* an clár ba mhó lucht féachana ar TG4 sa bhliain 2023. Ní raibh an figiúr sin mórán chun tosaigh ar Chluiche Ceannais Sinsear na hÉireann TG4 i bPeil na mBan idir Áth Cliath agus Ciarraí a tháinig sa dara háit i rangú na bliana. Bhí 201,800 lucht féachana ar an meán nó sciar 26.47% ag an gcluiche inar bhfuair Áth Cliath an lámh in uachtar ar Chiarraí sa chluiche den scoth.

Bhí an-tóir ar Daniel O'Donnell oícheanta Dé Máirt leis an gclár *Opry le Daniel* ar Thuras. Áiríodh Lisa McHugh, Johnny Brady, The Tumbling Paddies agus neart eile i measc a chuid aíonna. Bhain lucht féachana TG4 tairbhe as míreanna ceoil den scoth agus as an spraoi ar fad le linn *Fleadh Cheoil 2023* a craoladh beo as an Muileann gCearr mar aon le sásamh a bhaint as an dara sraith de *Scoil Samhraidh Willie Clancy*.

Bhí an taiscéalaí mór a bhfuil tóir ag lucht féachana TG4 air, Hector Ó hEochagáin ar ais agus é ag tabhairt a aghaidh anonn ar na Filipíní agus ar Oileáin Sholaimh. Sa tsraith *Junior Eurovision*, a chuir Louise Cantillon agus Darragh Ó Caoimh i láthair, roghnaíodh Jessica McKean le hionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn ag Junior Eurovision 2023 a bheidh ar siúl i Nice.

Bhain an lucht féachana an-sásamh as cláir faisnéise fhairsinge ó *Grace Kelly: Banphrionsa Mhaigh Eo*, *Inis Meáin*, *Idir dhá linn*, inar tugadh léargas machnamhach ar imeacht ama ar Inis Meáin; *Paddy na Meachain* inar leagadh béim ar an troid atá ar bun chun beach dhúchasach na hÉireann a chosaint; *Aerfort Dhún na nGall*, inar tugadh léargas ar imeacht bliana in aerfort beag réigiúnach; *Bláth na hÓige* sraith seacht gclár a dhírigh ar ghlúin nua amhránaithe sean-nóis atá ag teacht chun cinn, agus *Misneach* ina n-insítear scéalta daoine agus pobal a raibh orthu aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mhóra sa saol.

Bronnadh duais ag PRIX CIRCOM 2023 sa chatagóir 'Iriseoireacht Iniúchta' ar chlár faisnéise cúrsaí reatha TG4 *Iniúchadh TG4—Céad Míle Fáilte?*.

Ba bhuaicphointe é clúdach cuimsitheach TG4 ar Chomórtas Peile na Gaeltachta agus ar an Oireachtas le linn na bliana craolta.


Lean *Molscéal* de chlúdach a dhéanamh ar scéalta Gaeltachta agus pobalbhunaithe agus é ag craoladh ag imeachtaí amhail *Ceiliúradh Oireachtas 40 bliain*, *Siansa*, *Scléip* agus *Féile na Mí*. Bhain *BLOC* an lucht féachana óg amach lena thuiscint shiamsúil mhagúil ar an saol.



***Hector: Ó na Philippines go dtí na Solomons*** léirithe ag New Departures Media

# Buaic-Imeachtaí TG4

**Gradam Ceoil TG4**
I gCeoláras Ollscoil Luimnigh a bhí *Gradam Ceoil 2023 TG4* ar siúl ar an 23 Aibreán, an 26ú bliain den Ghradam. Tugtar aitheantas ag Gradaim bhliantúla an Ghradaim Ceoil ar an scoth de Cheol Traidisiúnta na hÉireann, mar aon le ceiliúradh a dhéanamh air. Bronnadh Gradam Comaoine TG4 2023 ar Frank McArdle, ceoltóir, oide agus bunaitheoir Bhanna Céilí Naomh Roch i nGlaschú. Bronnadh gradam ar an oíche chomh maith ar Mick O'Brien (Ceoltóir na Bliana), Síle Denvir (Amhránaí), Méabh Smyth (Ceoltóir Óg), Maurice Lennon (Cumadóir), Fintan Vallely (Gradam Saoil) agus Mick, Louise agus Michelle Mulcahy (Grúpa Ceoil).


***Réalta Pheil na mBan*** léirithe ag Nemeton TV

**Féile na Meán Ceilteach**
Tháinig craoltóirí agus léiritheoirí ó ar fud na hEorpa go hÉirinn i mí an Mheithimh mar chuid d'Fhéile na Meán Ceilteach 2023 a bhí ar siúl sa Chlochán Liath i nDún na nGall. Fuair cláir de chuid TG4 sé ainmniúchán ag Gradaim Torc Fhéile na Meán Ceilteach 2023 agus bronnadh príomh-dhuais na féile, an gradam Spiorad na Féile ar *An Cailín Ciúin*.

**Gradaim RTS**
Chuir TG4 fáilte go Gaillimh roimh léiritheoirí agus craoltóirí as Éirinn i mí Márta nuair a d'óstáil sé na Gradaim RTS. Tá Gradaim RTS ar chuid de na gradaim idirnáisiúnta atá ar an gcaighdeán is airde do thionscal na teilifíse agus is ionann iad agus ardán tábhachtach don tallann atá le feiceáil ar fud thionscal na teilifíse anseo in Éirinn. Fuair TG4 naoi n-ainmniúchán ag Gradaim Teilifíse RTS Ireland i mbliana. Ba iad Caitlín Nic Aoidh agus Cormac Ó hEadhra a chuir na gradaim i láthair agus bronnadh an Gradam don tSárthallann Nua an oíche sin ar James Martin, a bhfuil aithne mhór air mar Lorcán sa ghearrscannán *An Irish Goodbye*, scannán a bhfuil Oscar buaite aige.

*"Kerry star Louise Ní Mhuircheartaigh was named as the 2023 TG4 senior players' player of the Year at the annual TG4 All-Star banquet."*

Jackie Cahill,
*Irish Examiner* 18/11/23


***Gradam Ceoil TG4*** léirithe ag Big Mountain Productions

# Infheistíocht TG4 in Oideachas

*“Tús taitneamhach, éadromchroíoch le sraith thábhachtach do TG4 agus pobal óg na Gaeilge”*

Breandán M Mac Gearailt, *Tuairisc.ie* 25/4/23

Mhéadaigh TG4 an infheistíocht a dhéanann sé in ábhar Oideachais atá dírithe ar oideachas na Gaeilge agus ar oideachas trí mheán na Gaeilge in 2023. Is gné lárnach de chúram TG4 é an t-oideachas agus trí *TG4 Foghlaim*, tá acmhainn foghlama forbartha againn i gcomhar leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) agus le treoir ón Roinn Oideachais, a chuireann ábhar closamhairc ar fáil do gach leibhéal, curaclaim na hArdteistiméireachta agus an Teastais Shóisearaigh ina measc. D’oibríomar chun infheictheacht *TG4 Foghlaim* a mhéadú in 2023 trína chur chun cinn ar ardáin meán sóisialta agus trí fhor-rochtain go dtí scoileanna, ollscoileanna agus múinteoirí, i measc eagraíochtaí eile.

Léirítear sa taighde cáilíochtúil a rinne REDC ar mhúinteoirí bunscoile ábharthacht TG4 Foghlaim sa seomra ranga. Tuairiscíodh go raibh múinteoirí sásta go raibh rochtain acu ar tuilleadh acmhainní Gaeilge agus go raibh sé d’acmhainn aige tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil do mhúinteoirí sa spás sin.

*“From new documentaries, music shows and sporting events to kid-friendly programmes and movies, TG4 and Cúla4 have a host of television treats to keep everyone entertained this festive season.”*

*Irish Independent* 18/12/23




*Cúla4*

**52%** An sciar de na Múinteoirí Bunscoile ar fad a úsáideann ábhar Cúla4/TG4 sa Seomra Ranga go rialta.

**92%** An sciar de na Múinteoirí Bunscoile ar fad a labhraíonn Gaeilge a úsáideann ábhar Cúla4/TG4 sa Seomra Ranga go rialta.

**280,000** Líon na Leanaí Bunscoile ar fad a úsáideann ábhar Cúla 4/TG4 sa Seomra Ranga go rialta.

**157,000** Méid uaireanta a breathnaíodh ar leathanaigh *TG4 Foghlaim* (acmhainn foghlamtha do bhunscoileanna agus d’iarbhunscoileanna) ardú 53% in 2023.

**312,000** Imeachtaí Suímh *TG4 Foghlaim* — acmhainn foghlama do bhunscoileanna agus d’iar-bhunscoileanna.

# Infheistíocht i gCumas Daoine agus in Eacnamaíocht na Cruthaitheachta sna Réigiúin in Éirinn

Lean TG4 d'infheistíocht a dhéanamh in earnáil chruthaitheach réigiún na hÉireann in 2023 mar aon leis an earnáil a chur chun cinn. Tríd an múnla Foilsitheora-Craoltóra, is é TG4 an t-infheisteoir is mó i dtaobh infheistíocht a dhéanamh sa léiriú neamhspleách sna réigiúin agus faightear ábhar ó chomhlachtaí a bhíonn ag feidhmiú trí Ghaeilge. Tá an chuid is mó de na comhlachtaí sin suite sna réigiúin agus sa Ghaeltacht.

Rinne TG4 €31.78m[1] a infheistiú in ábhar ó earnáil neamhspleách na hÉireann, a ndearnadh €29m de a infheistiú i réigiúin na hÉireann. Ar an iomlán, d'infheistíomar 75% de chistiú poiblí TG4 in ábhar ó earnáil na léiriúchán neamhspleách.

D'infheistigh TG4 chomh maith in earnáil na léiriúchán Gaeilge in 2023, an tríú bliain san áireamh den scéim oiliúna d'iontrálaithe nua san earnáil léiriúcháin i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta. Thacaigh seo le 18 n-oiliúnaí trí shocrúcháin oibre bhliana a chur ar fáil i gcomhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha.

[1] Gan cearta spóirt ná ceoil san áireamh.



***Fleadh 2023*** léirithe ag Power Pictures

**75%** An sciar de mhaoiniú poiblí TG4 a caitheadh le hearnáil le léiritheoirí neamhspleácha ar ábhar: **€40.553m** (cearta san áireamh).

**€33.8m** Caiteachas le comhlachtaí cruthaitheachta sna réigiúin in Éirinn. Ardú **28.5%** ar chaiteachas na bliana 2022. **€39m** a caitheadh go náisiúnta.

**€31.7m** An caiteachas díreach le hEarnáil na Léiritheoirí Neamhspleácha go náisiúnta. Ardú **24%** ón mbliain 2022 (**€29m** sna réigiúin).

**95%** An sciar den chaiteachas le hEarnáil na Léiritheoirí Neamhspleácha lena gcruthaítear maoin intleachta.

**89%** An sciar den earnáil a aithníonn go bhfuil TG4 ag tacú le tallann agus fiontraíocht Éireannach agus réigiúnach léiriúcháin ar an scáileán.

*"TG4 will be 'Fleadh Cheoil Central' broadcasting four live shows on August 10, 11, 12 and 13, full of the very best of Irish song, music, and dance."*

Olga Aughe,
*Westmeath Independent*
1/8/2023

# Rialachas, Luach ar Airgead agus Éifeachtacht

*"On a modest budget, TG4 has demonstrated how clarity of purpose can yield startling results from meagre resources."*

*Editorial, The Irish Times* 22/8/23

Geallann TG4 gach bliain a chistiú poiblí a chaitheamh ar bhealaí a dhéanann an luach is fearr don lucht féachana agus a bhaineann luach ar airgead amach. Caithimid an tsuim is mó agus is féidir ar ábhar Gaeilge agus cinntímid go mbíonn costais foirne agus forchostais chomh híseal agus is féidir.

D'infheistíomar 84% de chistiú poiblí TG4 in 2023 in ábhar Gaeilge. Gan costais foirne léiriúcháin a áireamh, b'ionann costais foirne agus an Bhoird agus beagán faoi bhun 10% dár gcaiteachas. Taispeántar sa taighde ar chostais oibriúcháin bhall eile de Mheáin Seirbhíse Poiblí in Aontas Craolacháin na hEorpa go bhfuil sciar chostais foirne agus fhorchostais TG4 den chaiteachas oibriúcháin i bhfad níos ísle ná formhór na MSPanna eile in Aontas Craolacháin na hEorpa.

Anuas ar a chinntiú go mbaineann TG4 luach ar airgead amach, tá rialachas láidir bunúsach. Cinntímid go bhfuil maoirseacht ar ardchaighdeán á déanamh ar TG4. Tugadh le fios i suirbhé neamhspleách IPSOS MRBI a rinneadh in 2023 go n-aithníonn breis agus beirt as gach triúr daoine fásta in Éirinn (68%) branda TG4 amhail a bheith iontaofa.

**Maoiniú Reatha agus Caipitil 2023: €56.246m**
(lena n-áirítear €4m i maoiniú breise móide €4.136m i nGlanioncam Tráchtála)

| Caiteachas ar Ábhar: | Costas Foirne agus Bhoird: | Forchostais: | Costais Mhargaíochta, Taighde & Tarchuradóireachta: |
|---|---|---|---|
| €43.6m[2] | €9.324m[3] | €2.72m[4] | €4.57m |

**Caiteachas le hearnáil na Léiritheoirí Neamhspleácha in Éirinn: €31.7m[5]**

[2]Gan costais foirne léirithe €3.7m san áireamh; [3]Costais foirne léirithe €3.7m agus costais foirne chaipitlithe agus chartlainne €868k san áireamh; [4]táillí ÚCÉ san áireamh; agus [5]gan cearta spóirt ná ceoil ná caiteachas lasmuigh d'Éirinn san áireamh].

*"The new TG4 documentary Croíthe Radacacha (Radical Hearts) examines 'the love that dares not speak its name' found at the very heart of the Irish Revolution."*

*Irish Central,* 27/11/23



***Croíthe Radacacha*** léirithe ag Wonder Pics

# Bord Theilifís na Gaeilge agus Faisnéis Eile

Bunaíodh Bord Theilifís na Gaeilge i mí Aibreáin 2007 faoi fhoráil an Achta Craolacháin, 2001. Tá an bord comhdhéanta de chathaoirleach agus 11 bhall, an Ard-Stiúrthóir san áireamh i gcáil ex-officio chomh maith le ball atá ionadaíoch ar an bhfoireann. An tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meáin a dhéanann na ceapacháin.

Tháinig an Bord le chéile 7 n-uaire i rith an 12 mhí go dtí an 31 Nollaig 2023.

Comhaltaí Boird agus an tArd-Stiúrthóir ar an 31 Nollaig 2023 (bhí 2 fholúntas ar an mBord ag 31.12.2023)


Anna Ní Ghallachair (An Cathaoirleach)


Alan Esslemont (An tArd-Stiúrthóir)


Mairéad Ní Nuadháin


Siobhán Ní Ghadhra


Darach Ó Tuairisg


Seán Ó Domhnaill


Róisín Ní Ráighne


Aedín O'Leary


Seán O Cuirreáin


Sonia Nic Giolla Easbuig

**Rúnaí Cuideachta agus Oifig Chláraithe**
Nóra-Máire Uí Mhocháin
TG4
Baile na hAbhann
Co. na Gaillimhe

**Rúnaí an Bhoird**
Lís Ní Dhálaigh

**Fochoistí an Bhoird**
Tá chúig fhochoiste ag an mBord, mar seo a leanas:

***An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca***
(Folúntas amháin ag 31.12.2023)
Seán Ó Cuirreáin (Cathaoirleach)
Mairéad Ní Nuadháin
Anna Ní Ghallachair
Aedín O'Leary

I rith an 12 mhí go dtí an 31 Nollaig 2023, tháinig an Coiste Iniúchóireachta le chéile 4 huaire agus thuairiscigh siad don Bhord i ndiaidh na gcruinnithe sin. Tuairiscíonn an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh go díreach don Choiste Iniúchóireachta.

***An Coiste Luach Saothair***
(Folúntas amháin ag 31.12.2023)
Anna Ní Ghallachair (An Cathaoirleach)
Sean Ó Cuirréain

Tháinig an Coiste Luach Saothair le chéile 2 uair sa bhliain go dtí an 31 Nollaig 2023.

**An Coiste Branda**
(Folúntas amháin ag 31.12.2023)
Róisín Ní Raighne (An Cathaoirleach)
Siobhán Ní Ghadhra

Tháinig an Coiste Branda le chéile 3 uair sa bhliain go dtí an 31 Nollaig 2023.

**An Coiste Digiteach**
Darach Ó Tuairisg (An Cathaoirleach)
Seán Ó Domhnaill

Tháinig an Coiste Digiteach le chéile uair amháin sa bhliain go dtí an 31 Nollaig 2023.

**An Coiste Nuachta & Cúrsaí Reatha**
Mairéad Ní Nuadháin (Cathaoirleach)
Seán Ó Cuirreáin
Seán Ó Domhnaill

Is Coiste nua é seo a cuireadh le chéile i dtreo dheireadh mhí na Nollag 2023. Tionóladh an chéad chruinniú den Choiste seo in 2024.

**Iniúchóir**
An tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste
Oifig an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara
Duga Spencer, Baile Átha Cliath 1

**Baincéirí**
AIB
Caisleán an Loingsigh
Sráid na Siopaí
Gaillimh

# Tuairisc an Chathaoirligh, 2023

Tá ríméad orm, thar ceann Bhord TG4, Tuarascáil Bhliantúil TG4 don bhliain 2023 a chur i láthair. Is iomaí éacht a baineadh amach i rith na bliana agus is ábhar mórtais dúinn uaillmhianta fáis agus forbartha TG4 agus an rath leanúnach lenár lucht féachana.

Bhí fás seasta ann ar sciar TG4 den lucht féachana náisiúnta teilifíse agus ar idirchaidreamh leis an lucht féachana le ceithre bliana anuas agus baineadh amach an sciar ba mhó ó bhí 2009 ann den lucht féachana náisiúnta teilifíse do TG4 in 2023. Tháinig méadú 7% ar an sciar den lucht féachana go dtí 2.1% agus tháinig méadú 4.2% ar ár sciar féachana i rith an phríomhama i gcomparáid leis an bhliain roimhe seo. Lean an borradh freisin faoi lucht féachana mheáin dhigiteacha TG4, agus tháinig méadú 6% ar uimhreacha féachana ár seirbhís Seinnteora agus méadú níos mó ná 19% ar *Molscéal* agus 49% ar BLOC, cainéal meán sóisialta TG4 don lucht féachana níos óige. Tá muid thar a bheith sásta leis na torthaí seo mar gheall go bhfuil TG4 i margadh fíordhúshlánach ina bhfuil ábhar agus cainéil ó áiteanna timpeall an domhain in iomaíocht chun aird an lucht féachana a mhealladh.

Rinneamar ceiliúradh ar sheoladh dhá sheirbhís nua TG4 in 2023 — Cúla4 agus TG4+1. Bhain tábhacht stairiúil le seoladh Cúla4 i Meán Fómhair 2023, an chéad chainéal Gaeilge riamh atá dírithe ar pháistí. Is le páistí na hÉireann Cúla4 agus leis na glúnta cainteoirí Gaeilge atá le teacht.

Gabhaimid buíochas leis an Rialtas as tacú linn an tseirbhís nua seo a sholáthar, go háirithe leis an Aire Catherine Martin a sheol an cainéal go hoifigiúil sa cheanntáras i gContae na Gaillimhe. Tríd an tseirbhís nua seo a chistiú agus trí thacú léi, léirigh an Rialtas an tábhacht a leagann sé ar an nGaeilge mar theanga bheo, agus ar chinntiú go gcuirtear níos mó ábhar Gaeilge ar fáil don lucht féachana níos óige chun úsáid na teanga a neartú ina measc.


Anna Ní Ghallachair, Cathaoirleach TG4

Craoltar Cúla4 ar ardáin Saorview, Virgin Media, Sky agus eir agus tá sé ar fáil ar líne trí Sheinnteoir agus trí Aip Cúla4. Cuireann an tseirbhís ábhar siamsaíochta agus drámaíochta ar fáil mar aon le seirbhís nuachta do pháistí agus is foinse thábhachtach í d'ábhar oideachais Gaeilge. Cuirtear an tseirbhís ar siúl ag am lóin agus sa tráthnóna, chun gur féidir le scoileanna an nuacht a choimhéad óna seomraí ranga agus nuacht an lae a leanúint.

Tá an rath geal ar Cúla4 i measc an lucht féachana de réir dealraimh agus is ábhar ollmhór áthais dúinn go bhfuil sé in úsáid mar acmhainn Gaeilge do bhunscoileanna ar fud na tíre. Léirítear sa taighde neamhspleách a rinne RedC ag deireadh

*"Cúla4's launch will ensure the next generation of children in Ireland have another outlet in media where Irish is spoken and comes at a time when there is widespread interest and support in the language."*

*The Journal 8/9/23*


Seoladh *Cúla4*



***Underdogs*** *léirithe ag Adare Productions*

*"TG4 has been vital in showcasing Irish womens' sport over the past number of years."*

Luke Delaney, *Balls.ie*
4/5/23

na bliana 2023 go n-úsáideann 52% de mhúinteoirí uile na mbunscoileanna agus 92% de na múinteoirí sna bunscoileanna lán-Ghaeilge Seinnteoir TG4 nó Cúla4 go rialta sa tseomra ranga[6]. Méadú 18% é seo ar an bhliain 2020 agus meastar go bhfuil lucht féachana de 280,000 páiste scoile ann, ar méadú suntasach é seo ar úsáid acmhainní TG4 laistigh de bhunscoileanna timpeall na hÉireann.

Táimid thar a bheith buíoch de gach duine a d'oibrigh chomh dícheallach, in TG4 agus san earnáil chruthaitheach araon, lenár bhfís do sheirbhísí Gaeilge do pháistí a chur i gcrích. Tá sé ríthábhachtach go leanann TG4 d'ábhar agus de chláir bheoga agus spreagúla a choimisiúnú agus a sholáthar le lucht féachana óg Gaeilge a mhealladh agus a choinneáil, i scoileanna agus sa bhaile, ar fud na hÉireann.

Chuaigh TG4 chomh fada le Gradaim na nOscar in 2023 leis an léiriúchán de chuid Cine4, *An Cailín Ciúin*. Ócáid stairiúil a bhí ann nuair a ainmníodh an scannán álainn Gaeilge seo, atá bunaithe ar an úrscéal *Foster* le Claire Keegan, sa chatagóir don Scannán Lánfhada Idirnáisiúnta is Fearr, an chéad uair riamh do scannán lánfhada Gaeilge. Is é *An Cailín Ciúin* an scannán Gaeilge is rathúla ag oifig na dticéad go dtí seo, bhain sé margaí dáileacháin idirnáisiúnta amach agus taispeánadh é i bpictiúrlanna ar fud Mheiriceá, Cheanada, na hAstráile, na Nua-Shéalainne, na Spáinne, na hIodáile agus na Fraince agus anseo in Éirinn. Tá ardmholadh faighte ag gach ceann de na sé scannán atá eisithe ag Cine4 go dtí seo ó léirmheastóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus is ábhar ollmhór bróid do TG4 iad. Thacaigh TG4, i gcomhar le comhpháirtithe Cine4, Fís Éireann agus Coimisiún na Meán, i rith 2023 le dhá scannán lánfhada Gaeilge eile a fhorbairt agus a léiriú a bheidh le taispeáint sna hamharclanna agus ag féilte in 2024 agus 2025 sula gcraolfar den chéad uair iad ar TG4. Taispeánadh an scannán *Tarrac*, scannán eile de chuid Cine4, chomh maith i bpictiúrlanna ar fud na hÉireann sa bhliain 2023 agus craoladh den chéad uair é ar Lá Fhéile Pádraig 2024. Rinneadh an scannán Gaeilge seo, a bhfuil gradaim buaite aige, i gceantar maorga Chorca Dhuibhne ar Leithinis Dhaingean Uí Chúis i gContae Chiarraí agus is scannán álainn é faoi phaisean don spórt, an teaghlach, glacadh leis an saol, agus an grá. Táimid fíorbhuíoch as an tacaíocht leanúnach atá á tabhairt don scéim ónár gcomhpháirtithe i Cine4 — Fís Éireann agus Coimisiún na Meán. Léiríonn Cine4 scannáin Ghaeilge den scoth agus tá scannánaíocht ar an gcaighdeán is airde agus an Ghaeilge curtha ar fáil aige do lucht féachana timpeall an domhain.

Chomh maith le tacú le tallann léiriúcháin scannánaíochta Gaeilge, tacaíonn TG4 le tallann lucht spóirt na hÉireann. Déanaimid ceiliúradh ar fheabhas na n-imreoirí agus craolaimid spóirt agus scileanna nach gnách go mbíonn siad i mbéal an phobail. Ina theannta sin uilig, ba TG4 a chraol spórt na mban den chéad uair. Craolaimid cluichí Chumann Peil Ghaelach na mBan (LGFA) go forleathan gach bliain agus leanadh leis an gcaidreamh sainiúil seo mar chraoltóir agus mar urraitheoir ar Pheil na mBan in 2023. Ar cheann de bhuaicphointí móra chláir TG4 in 2023 bhí Cluiche Ceannais Chraobh na hÉireann i bPeil na mBan

[6] Taighde RedC, Samhain 2023.

Sinsear TG4 idir Baile Áth Cliath agus Ciarraí, a bhain an dara háit amach i measc na gclár ba mhó féachana ar TG4. I gcluíche a bhí thar a bheith bríomhar ina bhfuair Baile Átha Cliath an ceann is fearr ar Chiarraí, baineadh sciar lucht féachana de 26.47% amach. Táimid bródúil as urraíocht TG4 ar Pheil na mBan agus as an tacaíocht a thugann sé dóibh.

Ba bhliain a bhí in 2023 chomh maith inar leagamar amach ár bhfís agus ár n-uaillmhianta maidir le seirbhís TG4 do na chéad chúig bliana eile amach romhainn inár "Ráiteas Straitéise 2023-2027" nua. Is cuid bhunúsach dár bhfís é go leanfaidh TG4 ag tabhairt leis lucht féachana de gach aois, ag cothú pobal labhartha na Gaeilge agus ag cabhrú le tábhacht agus feiceálacht ábhar seirbhíse poiblí Gaeilge a chinntiú in Éirinn na linne seo. Agus TG4 ag cur na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh chun cinn i measc lucht féachana níos fairsinge, tá sé mar chuspóir aige cur leis an infheistiú i seirbhísí don lucht féachana Gaeilge agus Gaeltachta.

Tá an maoiniú caoi fíor-riachtanach chun straitéis nua TG4 a sholáthar agus is léir ón chaighdeán ábhair agus seirbhísí a léiríodh i mbliana féin, agus ón iliomad éachtaí a rinneadh in 2023, gur maoiniú an t-aon chonstaic atá roimh uaillmhian TG4. Aithnímid agus gabhaimid buíochas leis an Rialtas as an méadú ar mhaoinú a fuair TG4 in 2023 agus táimid an-bhuíoch go deo den Aire Catherine Martin a d'aithin an tábhacht a bhaineann le méaduithe ar chistiú do na meáin Ghaeilge. Mar sin féin, is ionann maoiniú TG4 don bhliain 2024 agus nach mór €6 mhilliún níos lú ná ár sprioc-chistiú inár straitéis a ceadaíodh sa Dáil. Chomh maith leis sin, tá an cistiú i bhfad níos ísle ná leibhéil chistithe RTÉ agus tá i bhfad níos lú á fháil againn go fóill i gcomparáid le craoltóirí teangacha mionlaigh Eorpacha eile ó thaobh cistiú agus scála araon. Tá sé ríthábhachtach go mbogann Éire i dtreo éiceachóras Meán Seirbhíse Poiblí níos cothroime agus nach bhfuil barraíocht béime ann ar eagraíocht amháin. Déanfaidh an Rialtas cinneadh in 2024 ar an gcóras cistithe do na Meáin Seirbhíse Poiblí. Caithfidh sé a chinntiú go bhfuil cistiú dóthanach ar fáil do na meáin Ghaeilge. Tá seo ríthábhachtach don chéad ghlúin eile de chainteoirí Gaeilge agus do stádas na Gaeilge agus na Gaeltachta i bpobail na hÉireann.

**An Bhliain Amach Romhainn**

Bliain thábhachtach do TG4 agus do na Meáin Seirbhíse Poiblí Gaeilge a bheidh in 2024. Leagadh de dhualgas ar an gCoimisiún um Thodhchaí na Meán dul i ngleic leis an mbealach ba cheart do na meáin freastal ar an tsochaí in Éirinn. Rinne an Coimisiún 50 moladh chun dúshraith straitéiseach a leagan síos chun earnáil meán cumarsáide na hÉireann a athrú ó bhonn. Ceann dá chuid moltaí ná gur cheart smacht neamhspleách eagarthóireachta a bheith ag TG4 ar a chuid seirbhísí nuachta féin ar mhaithe le hiolracht níos fearr a bheith ann i

*"Championship sponsor TG4 will broadcast 15 of the games live."*
Irish Central
9/6/23



***Peil na mBan Beo*** léirithe ag Nemeton TV


***Tarrac*** léirithe ag Icebox Films

dtuairisciú na nuachta agus lena chur ar ár gcumas seirbhís níos fearr a chur ar fáil don lucht féachana. Tagann an moladh seo go hiomlán leis an fhís atá ag TG4. Tá athbhreithniú ar impleachtaí airgeadais agus oibríochtúla an mholta seo á dhéanamh ag Coimisiún na Meán agus táimid i mbun rannpháirtíochta leis an Choimisiún i rith 2023. Leanfaimid leis an bpróiseas seo isteach in 2024. Tá súil againn go mbeidh smacht iomlán eagarthóireachta ag TG4 ar a aschur nuachta laethúil, faoi mar a bheartaítear. Rud é seo a dtugann TG4 céadtús áite dó, mar a thugann ár lucht féachana Gaeilge agus pobal labhartha na Gaeilge agus na Gaeltachta.

Ba é an dara moladh a rinne an Coimisiún um Thodhchaí na Meán ná gur cheart do Choimisiún na Meán tabhairt faoi athbhreithniú cuimsitheach ar an soláthar seirbhísí agus ábhar Gaeilge ar fud chóras na meán, agus díriú ar struchtúir institiúide agus ar dheiseanna don nuálaíocht agus don chomhoibriú. Cuireadh tús leis an athbhreithniú seo in 2023 agus táimid ag súil leis an tuarascáil ag deireadh 2024. Tá TG4 i mbun rannpháirtíochta leis an gCoimisiún maidir leis an athbhreithniú seo freisin agus táimid thar a bheith buíoch gur ghlac Alan Esslemont, Ard-Stiúrthóir TG4, le hiarratas an Bhoird síneadh 18 mí sa bhreis a chur lena chonradh chun gur féidir leas a bhaint as a shaineolas agus a thaithí sa phlé a ghlacfaidh ról ríthábhachtach i dtodhchaí an chraoltóra.

**Focal Buíochais**

Ba é seo mo chéad bhliain iomlán i mo Chathaoirleach ar Bhord TG4 agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhchomhaltaí Boird as a dtacaíocht agus as an obair mhór a rinne siad i rith 2023. Gabhaim buíochas ar leith le Bríd Ní Fhachtna agus le Frank Reidy, ar tháinig a dtéarmaí chun críche in 2023. Chuir siad go mór le hobair TG4 agus gabhaim buíochas leo ar son chomhaltaí uile an Bhoird as a ndúthracht don eagraíocht.

Thar ceann TG4, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Catherine Martin, TD, as an spéis a léirigh sí in obair TG4 agus as a tiomantas i leith na hoibre sin. Tá comaoin curtha ag an iarArd-Rúnaí Katherine Licken orainn agus cuirimid fáilte roimh an Ard-Rúnaí nua, Feargal Ó Coigligh. Ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl freisin dá n-oifigigh sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Is mór againn a ndúthracht i leith na Meán Seirbhíse Poiblí Gaeilge, an Ghaeilge féin, a cultúr agus cothú phobal labhartha na Gaeilge agus na Gaeltachta.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis na heagraíochtaí eile go léir a mbíonn TG4 ag obair leo. Ina measc tá Coimisiún na Meán, Fís Éireann, Údarás na Gaeltachta, RTÉ agus an Ciste Craoltóireachta Gaeilge i dTuaisceart Éireann, chomh maith leis an iliomad eagraíochtaí eile Gaeilge, spóirt agus cultúir. Is mian le TG4 buíochas ar leith a chur in iúl don earnáil iontach léiriúcháin neamhspleách Gaeilge. Murach tallann agus cruthaitheacht na hearnála, ní bheadh ar ár gcumas aghaidh a thabhairt ar fhís TG4 do sheirbhísí agus do lucht féachana Gaeilge. Táimid ag súil le bheith ag obair leis na cuideachtaí agus na daoine aonair cumasacha seo arís in 2024.

Mar fhocal scoir, thar ceann Bhord TG4, ba mhaith liom mo bhuíochas a léiriú don Ard-Stiúrthóir Alan Esslemont agus dá fhoireann as an tsárobair a dhéanann siad go seasta. Déanaim comhghairdeas leo uilig as an méid atá bainte amach acu in 2023. Tá Bord TG4 ag súil le bheith ag obair leo sna blianta amach romhainn chun Straitéis TG4 2023-2027 a chur i bhfeidhm chomh maith leis na spriocanna dearfacha a mheastar a bheidh ag eascairt as moltaí an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán agus as athbhreithnithe Choimisiún na Meán.



Anna Ní Ghallachair
Cathaoirleach

24 Meitheamh 2024

# Tuairisc an Ard-Stiúrthóra, 2023

*“B’fhéidir nach gceapaimid go bhfuil ceangal idir na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) agus an cultúr, ach aithnítear i gClár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe an gá atá le hoidhreacht chultúrtha an domhain a chosaint agus an ról atá ag an gcultúr sa chomhtháthú sóisialta, éagsúlacht, féiniúlacht agus folláine a chur chun cinn”.*

*—An tOllamh Lillis Ó Laoire,*
*Ollamh (Emeritus) le Gaeilge,*
*Ollscoil na Gaillimhe*

Cuireann athrú aeráide agus bagairtí eile ar ár gcomhshaol isteach go mór ar an tsochaí agus ar an tionsclaíocht agus is iad na saincheisteanna is práinní iad sa lá atá inniu ann. Díríonn TG4, mar eagraíocht, ar inbhuanaitheacht mar chuid bhunúsach dár straitéis. Tá níos mó i gceist leis seo, i gcás TG4, ná an comhshaol, fuinneamh agus acmhainní, an geilleagar ciorclach agus léiriú inbhuanaithe. Baineann sé go bunúsach le hinbhuanaitheacht na Gaeilge, an chultúir agus phobal labhartha na Gaeilge agus na Gaeltachta.

Faoi mar a luann an tOllamh Ó Laoire thuas maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGanna na NA), is gá oidhreacht chultúrtha an domhain a chosaint. Fiosraíonn sé conas is féidir linn maoirseacht a dhéanamh ar ár n-oidhreachtaí cultúrtha le hiad a chosaint agus a ailíniú le todhchaí inbhuanaithe.

Seo ceann de chroíróil TG4, agus lean ár straitéis agus ár ngníomhaíochtaí go léir i rith 2023 le tús áite a thabhairt d’inbhuanaitheacht na Gaeilge, Phobail Labhartha na Gaeilge agus na Gaeltachta agus Chultúr agus Ealaíona na hÉireann. Tá TG4 i mbun oibre lena éascú go mbeidh an rath faoin nGaeilge agus faoi chultúr na hÉireann do na glúnta amach anseo. Tá an phribhléid ag gach glúin Éireannach agus tá an fhreagracht orthu as éagsúlacht teangacha agus chultúrtha na hÉireann a chothú mar chuid den éiceachóras teanga agus cultúir domhanda agus mar chuid den éagsúlacht teangeolaíochta dhomhanda.

Ar an dóigh seo, tá níos mó i gceist le TG4 ná díreach Meáin Chumarsáide Seirbhíse Poiblí. Cuid thábhachtach muid de bheartas níos fairsinge an Rialtais chun tacú leis an nGaeilge, le cultúr agus le healaíona na hÉireann, le forbairt tuaithe agus le hionchuimsiú sóisialta phobail na Gaeltachta. Ról ríthábhachtach atá anseo, go háirithe i gcomhthéacs na Gaeilge, mar theanga a bhfuil teanga mhionlaigh déanta di, atá i mbaol ‘aistriú teanga’ (nuair a aistríonn pobail cainteoirí chuig teanga éagsúil) agus atá i mbaol go ndéanfaidh UNESCO í a aicmiú mar theanga ‘i mbaol cinnte’.

Beartas stáit í an phleanáil teanga, atá bunaithe go daingean ar eolaíocht teangacha. Gné bhunús-ach é an Ghaeilge a chur ar aghaidh mar theanga bheo agus tá baint lárnach ag na meáin Ghaeilge leis seo. Tá seirbhísí meán TG4, cainéal *TG4*, *Cúla4*, *TG4 Foghlaim* agus *Cine4* ina measc, an-ghníomhach i dtaobh an Ghaeilge a chur chun

*“TG4 recently broadcast Bláth na hÓige, a seven-part series focusing on the emerging generation of sean-nós singers, and the music has just been released on the Gael Linn label.”*

Toner Quinn,
*The Journal of Music*,
1/6/23



***Bláth na hÓige*** léirithe ag Aniar TV



*Laochra Gael* produced by Nemeton TV

cinn agus glacann siad le ról tábhachtach sa mhéid seo a leanas a dhéanamh:

- 'Réimse poiblí' a chruthú do phobal labhartha na Gaeilge.
- An Ghaeilge a chur i lár an aonaigh i saol poiblí níos fairsinge na hÉireann.
- Stádas a chruthú don Ghaeilge.
- A chinntiú go bhfuil an Ghaeilge sna meáin dhigiteacha agus sa teicneolaíocht.
- Foghlaim agus saibhriú na Gaeilge a chur chun cinn.

Cuid ríthábhachtach d'oidhreacht agus d'fhéiniúlacht náisiúin a chothú é tacaíocht a thabhairt don chultúr agus do na healaíona. Aithníonn an tOllamh Ó Laoire an méid seo a leanas: "*Mar thaisceadáin todhchaí de chaidreamh daonna, den fhéiniúlacht agus den pheirspictíocht a saothraíodh le dua, déanann amhráin agus scéalta ceangal agus eolas comhroinnte a chothú i measc glúnta*".

Tá tacaíocht ghníomhach á tabhairt ag TG4 don Ghaeilge agus do chultúr agus d'ealaíona na hÉireann. Rinneamar breis agus 800 uair an chloig de chláir nua ealaíon, chultúir, oidhreachta agus spóirt i nGaeilge a choimisiúnú in 2023 agus neartaíomar ár n-aschur sna seánraí seo. Éacht den scoth le linn na bliana a bhí i bhfreastal ar Ghradaim na nOscar leis an léiriúchán de chuid *Cine4*, *An Cailín Ciúin.* Bhain sé an stair amach mar gheall gurbh é an chéad phríomhscannán Gaeilge a ainmníodh sa chatagóir don Phríomhscannán Idirnáisiúnta is Fearr agus gurbh é an scannán Gaeilge ar díoladh an méid ba mhó ticéad dó go dtí seo. Fuair gach ceann de na sé scannán de chuid *Cine4* a léiríodh go dtí seo moladh ó na léirmheastóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta, ag féilte scannán agus ag searmanais bhronnta gradam timpeall an domhain. Thugamar tacaíocht in 2023 do dhá phríomhscannán Gaeilge eile a fhorbairt agus a léiriú, *Fidil Ghorm*, scannán don teaghlach agus *Fréamhacha*, scannán fantaisíochta. Tosófar leis an dá scannán a thaispeáint sna hamharclanna agus ag féilte in 2024 agus in 2025 sula gcraolfar iad den chéad uair ar TG4.

Lean spóirt na hÉireann in 2023 de bheith ina mbunchloch i sceideal craolta TG4. Chraolamar na cluichí Gaelacha go forleathan, cosúil le cluichí peile agus iománaíochta, cluichí ceannais Uile-Éireann TG4 ina measc agus leanadh lenár gcaidreamh mar chraoltóir agus mar urraitheoir ar *Pheil na mBan*. Faoi dheireadh chluichí ceannais Chumann Peile na mBan i mí na Nollag 2023, rinne TG4 27 cluiche beo a chraoladh ar TG4 agus 11 chluiche sa bhreis a chraoladh beo ar líne.

Cuireann seirbhísí meán TG4 go mór le hinbhuanaitheacht chultúrtha na hÉireann. I dtaobh inbhuanaitheacht na Gaeilge, bhí gliondar croí ar TG4 gur tugadh le fios i dtorthaí Dhaonáireamh 2022 gur tháinig méadú ar an líon daoine ar féidir leo an Ghaeilge a labhairt. Tháinig méadú 6% ar an líon cainteoirí Gaeilge idir 2016 agus 2022 go 40.4% den daonra, in ainneoin gur saoránaigh neamh-Éireannacha anois iad 12% de dhaonra na hÉireann[7]. Toradh a gcuirtear fáilte ar leith roimhe ná an cumas Gaeilge i measc daoine

*"There are few shows which consistently produce the goods like Laochra Gael..."*

Gary Connaughton, Balls.ie 16/1/23

[7] Daonra 3 bliana d'aois agus níos sine. Torthaí Achoimre Dhaonáireamh 2022. An Phríomh-Oifig Staidrimh, Bealtaine 2023.

“*Scéalta Grá na hÉireann review: An inspiring 18th century Irish lesbian love story with an unlikely ending.*”

Pat Stacey, *Irish Independent* 14/9/23

óga. Ach is ábhar buartha, mar sin féin, an meath beag atá tagtha ar an líon cainteoirí laethúla Gaeilge (lasmuigh den oideachas) sa Ghaeltacht san áireamh. Cé gur chuidigh TG4 le coincheap an dátheangachais a bhunú i measc fhormhór chainteoirí na mórtheangacha ó bunaíodh TG4 beagnach tríocha bliain ó shin, ní mór dúinn níos mó a dhéanamh le cuidiú le húsáid laethúil na Gaeilge a chothú. Leanaimid ag obair le comhlachtaí Gaeilge, le heagraíochtaí stáit agus le pobail Ghaeltachta chun dul i ngleic leis an dúshlán seo.

**Lucht Féachana TG4**

Ábhar mór bróid dúinn ár n-éachtaí suntasacha maidir leis an lucht féachana in 2023. D'fhéach 3.67 milliún duine, nó 81% den daonra, ar TG4 le linn na bliana. Tháinig méadú go 2.1% (méadú breis agus 7% ar an meánsciar féachana i rith an lae ar fad) agus tháinig méadú freisin ar fhéachaint i rith an phríomh-ama go 2.24%, ar méadú 4.2% é seo i gcomparáid le 2022. Léirítear sa dá fhigiúr ceithre bliana i ndiaidh a chéile d'fhás agus baineadh an sciar ba mhó den lucht féachana náisiúnta amach do TG4 in 2023 ó bhí 2009 ann. Lean TG4 de bheith ar an 7ú cainéal teilifíse is mó a bhféachtar air in Éirinn.

Aimsíonn TG4 go leor daoine sa lucht féachana Gaeilge freisin ar bhonn trasmheán. D'aimsíomar 65% den lucht féachana daoine fásta Gaeilge go léir le linn na bliana, 70% den lucht féachana daoine fásta Gaeilge atá bunaithe sa Ghaeltacht agus 69% de na cainteoirí laethúla Gaeilge, i measc na n-ardán uile líneach agus digiteach, an teilifís, gairis chliste, ardáin mhóibíleacha agus ar líne etc. ina measc.



***Scéalta Grá na hÉireann*** léirithe ag Bo Media

Lean borradh ag teacht freisin ar an líon daoine a d'fhéach ar mheáin dhigiteacha neamhlíneacha TG4. Tháinig méadú nach mór 6% ina theannta sin ar líon na n-amharc ar fhíseáin Sheinnteoir TG4 go dtí beagnach 5.2 milliún amharc agus bhain na hamhairc ar fhíseáin meán sóisialta nach mór 78 milliún amharc amach. D'éirigh go geal le *Molscéal*, ardán TG4 ar a gcuirtear scéalta pobalbhunaithe Gaeilge ó réigiúin Ghaeltachta ar fáil. Tháinig méadú de bhreis ar 19% ar líon na n-amharc ar fhíseáin go dtí 3.1 milliún in 2023 (anuas ar bhorradh 10% in 2022) agus tháinig méadú go dtí beagnach 4.5 milliún amharc ar an líon amharc ar fhíseáin *BLOC* (cainéal meán sóisialta TG4 do dhaoine idir 18 agus 34 bliain




***Rugbaí Beo*** léirithe ag Iris

d'aois) — ar méadú 49% é seo ar úsáid an ardáin i measc an lucht féachana níos óige.

**Cúla4 — Lucht Féachana Leanaí**

Bhain TG4 garsprioc stairiúil amach in 2023 don tseirbhís agus don Ghaeilge trí *Cúla4*, an chéad chainéal Gaeilge riamh atá tiomnaithe do leanaí, a sheoladh. Tá an tseirbhís saorchraolta dírithe ar leanaí suas go dtí 12 bhliain d'aois agus cuireann sí pointe teagmhála siamsúil laethúil leis an nGaeilge ar fáil. Craoltar é ar feadh 14 uair an chloig sa lá agus tá sé ar fáil ar gach ardán, ar sheirbhísí físeáin ar éileamh (VOD) agus beo ar cula4.com.

Mar chuid den tseirbhís, sheolamar clár nuachta do leanaí (a bhíonn ar siúl ón Máirt go dtí an Aoine ag 1.30pm chun gur féidir le scoileanna féachaint air ina gcuid seomraí ranga). Cuirtear foinse luachmhar d'ábhar oideachais Gaeilge ar fáil freisin ar *Cúla4* agus baintear spraoi as an bhfoghlaim, agus bíonn an zón oideachais ar siúl ó 9am gach lá.

Éacht mór is ea cainéal Gaeilge atá tiomnaithe do leanaí a bhunú. Chun go leanfaidh an Ghaeilge de bheith ina teanga phobail, caithfidh seirbhísí TG4 do leanaí a bheith feiceálach agus mealltach agus gabhaimid buíochas leis an Rialtas as an tacaíocht a thugann sé chun an tseirbhís nua seo a sholáthar.

Leagamar an bhonnlíne amach in 2023 do mheánaimsiú seachtainiúil an lucht féachana Gaeilge i measc leanaí trí úsáid a bhaint as painéal tomhais Fios Físe. Léirigh seo gurbh é 85% meánaimsiú seachtainiúil an lucht féachana Gaeilge i measc leanaí leis an gcainéal craolacháin agus 41% le Seinnteoir/Aip *Cúla4* in 2023[8]. D'éirigh go han-mhaith linn leis an lucht féachana leanaí ar Sheinnteoir, Aip Sheinnteoir, suíomh gréasáin agus cainéal YouTube *Cúla4*. Mar shampla, rinneadh nach mór 3,300 íoslódáil ar Aip Sheinnteoir *Cúla4*, baineadh 2 mhilliún uair an chloig amach ó thaobh am amhairc ar chainéal YouTube *Cúla4* agus chláraigh 43,200 úsáideoir nua ar *cula4.com*.

**Infheistíocht TG4 in Oideachas**

Glacann TG4 le ról tábhachtach i dtaobh ábhar oideachais a sholáthar agus tacaíocht a sholáthar do mhúinteoirí, do scoláirí agus dóibh siúd ar gach aois ar mian leo an Ghaeilge a fhoghlaim nó foghlaim trí Ghaeilge.

Soláthraímid réimse d'ábhar oideachais agus d'oideachas siamsúil do leanaí óga trí sheirbhísí *Cúla4*. Cuirimid ábhar ar fáil freisin do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna ar *TG4 Foghlaim*. Forbraíodh ár dtairseach *TG4 Foghlaim* i gcomhar leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) agus le treoir ón Roinn Oideachais agus cuirtear ábhar closamhairc ar fáil air do gach leibhéal, curaclaim na hArdteistiméireachta agus an Teastais Shóisearaigh ina measc. Mhéadaíomar infheictheacht *TG4 Foghlaim* in 2023 trína chur chun cinn ar ardáin meán sóisialta agus trí fhor-rochtain go dtí scoileanna, ollscoileanna agus múinteoirí, i measc eagraíochtaí eile.



Siún Nic Gearailt, *Nuacht TG4*

Aithnítear ábhar *Cúla4* agus TG4 mar acmhainn thábhachtach Ghaeilge do bhunscoileanna ar fud na tíre. Léirítear i dtaighde neamhspleách faoinar thug RedC in 2023 go n-úsáideann 52% de mhúinteoirí bunscoile, comhionann le 12,270 múinteoir bunscoile príomhshrutha fud fad na tíre, ag a bhfuil lucht féachana measta 280,000 dalta bunscoile, Seinnteoir TG4 nó Cúla4 sa seomra ranga go rialta[9]. Léiríonn seo méadú 18% ar úsáid i measc na múinteoirí bunscoile uile ó 2020 agus is méadú suntasach é seo ar úsáid acmhainní TG4 laistigh de bhunscoileanna. Léirítear sa taighde chomh maith go n-úsáideann 92% de mhúinteoirí i mbunscoileanna lán-Ghaeilge Seinnteoir TG4 nó Cúla4 go rialta. Táimid thar a bheith ríméadach faoi na torthaí seo, ina léirítear go soiléir gur acmhainn luachmhar é ábhar TG4 i seomraí ranga timpeall na hÉireann.

Sholáthair an taighde neamhspleách chomh maith aiseolas dearfach cáilíochtúil ó mhúinteoirí bunscoile i measc scoileanna Béarla agus Gaeilge. Tugadh le fios go raibh siad an-sásta agus an-ríméadach go raibh teacht acu ar acmhainní breise Gaeilge. Tá gliondar croí orm cuid den aiseolas a fuaireamar a roinnt:

> *"Dea-mhaisithe, ardchaighdeán Gaeilge agus ábhair, spreagúil, éasca le haimsiú". (Scoil Ghaeltachta, Múinteoir Rang 6).*
>
> *"Aoisoiriúnach, ar cháilíocht mhaith agus ar chaighdeán maith agus spreagann sé na leanaí iad féin a thumadh sa teanga fiú mura dtuigeann siad gach rud". (Scoil Bhéarla, Múinteoir Naíonán Sóisearach).*
>
> *"Chuaigh na hacmhainní i gcion go mór orm. Ní raibh tuairim ar bith agam go raibh an oiread sin acu (TG4). Bhain an méid ábhair atá ann stangadh asam. Tá beagnach gach ábhar acu" (Múinteoir Gaelscoile).*

---

[8] Foinse: Fios Físe.
[9] Taighde RedC, Samhain 2023.

> *"It was the starting point of an unexpected journey that led her to confront both her own insecurities and investigate the hows, whys and whens related to the topic of body image in new TG4 documentary Síomha: Idir Anam Is Corp."*
>
> Lauren Murphy, *Irish Independent* 29/4/23

*"… tar éis dom súil a chaitheamh air (TG4 Foghlaim), ceapaim gur foinse eolais den scoth é" (Múinteoir Gaelscoile).*

*"Chuaigh sé i gcion go mór orm. Tá sé an-bhunaithe ar an gcuraclam". (Múinteoir Scoile Gaeltachta).*

D'fhorbraíomar plean in 2023 chun forbairt bhreise a dhéanamh ar acmhainní oideachais ár scoileanna agus cheapamar Comhordaitheoir Oideachais chun ár straitéis "*Fís Scoile*" do thionscadail oideachais TG4 chun tacú le foghlaim na Gaeilge agus chun scoth ábhar oideachais TG4 a thabhairt chomh fada leis an seomra ranga agus le foghlaimeoirí sa bhaile.


***Síomha: Idir Anam is Corp*** léirithe ag Tyrone Productions

**An Coimisiún um Thodhchaí na Meán**

D'fháiltigh TG4 roimh thorthaí agus moltaí an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán. Aithnítear luach intreach Ábhar Seirbhíse Poiblí mar "príomhbhonneagar poiblí", i.e., rud a mbaineann fiúntas leis a sholáthraíonn tairbhí móra don tsochaí agus don chóras daonlathach. Rinne an Coimisiún um Thodhchaí na Meán 50 moladh a sholáthraíonn ardán straitéiseach chun earnáil mheán na hÉireann a chlaochlú, a n-imríonn dhá cheann díobh tionchar díreach ar TG4.

Ar an gcéad dul síos, mhol sé gur cheart go mbeadh smacht neamhspleách eagarthóireachta ag TG4 ar ár seirbhísí nuachta d'fhonn iolracht níos fearr a bheith ann i dtuairisciú na nuachta agus lena chur ar ár gcumas seirbhís níos fearr a sholáthar don lucht féachana. Tagann an moladh seo go hiomlán lenár bhfís.

Gné thábhachtach d'fhreastal níos fearr ar an lucht féachana Gaeilge agus Gaeltachta is ea go soláthraíonn TG4 nuacht agus faisnéis a bhfuil iontaoibh astu agus gurb é an chéad fhoinse agus an bhunfhoinse nuachta do ghnáthchainteoirí Gaeilge. Caithfidh seirbhís shainiúil neamhspleách nuachta a bheith ag TG4, mar bhranda Meáin Seirbhíse Poiblí (MSP), agus caithfidh sé réimse aschur nuachta a sholáthar chun iolracht, éagsúlacht agus peirspictíochtaí nua a sholáthar. Tá de chuspóir againn neamhspleáchas iomlán eagarthóireachta, struchtúrach agus cistithe a bheith againn i dtaobh ár nuachta agus ár gcúrsaí reatha faoi bhranda *Nuacht TG4* agus iriseoireacht Ghaeilge a fhorbairt agus a chothú. Tá sé tábhachtach go gcinntímid go bhfuil iontaoibh ag an bpobal as na seirbhísí nuachta seo agus go gcuireann siad leis an iontaoibh as TG4 mar MSP trí chéile.

Tá Coimisiún na Meán le tabhairt faoi athbhreithniú ar impleachtaí airgeadais agus oibríochtúla mholadh an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán mar chuid den athbhreithniú

> *"Rúin na bPortach is a shining example of a successful co-production between Ireland North and South, Canada and Scotland."*
>
> *Westmeath Independent* 13/11/23


***Rúin na bPortach*** léirithe ag Below the Radar TV, Mac TV, agus Idéacom International

ar sheirbhísí meáin Ghaeilge agus táimid ag tnúth le hidirchaidreamh a dhéanamh leo i rith 2024.

Sholáthraíomar roinnt forbairtí tábhachtacha ar an tseirbhís nuachta in 2023. Ceapadh Ceannaire Nuachta agus Cúrsaí Reatha TG4 mar cheannaire eagarthóireachta TG4. Forbraíodh fís agus straitéis nua do *Nuacht TG4* agus d'oibríomar, mar chuid de seo, ar athbhrandáil a dhéanamh ar *Nuacht TG4* agus ar shuíomh gréasáin nuachta a fhorbairt. Sheolamar *Nuacht TG4* in ard-ghléine (HD) le heispéireas níos fearr féachana a chur ar fáil don lucht féachana. Seoladh seirbhís nua nuachta do leanaí, *Nuacht Cúla4*, chomh maith, faoi mar a luaitear thuas agus tá an dealramh air go bhfuil ag éirí go geal leis.

Ba é an dara moladh a rinne an Coimisiún um Thodhchaí na Meán gur cheart do Choimisiún na Meán tabhairt faoi athbhreithniú ar an soláthar seirbhísí agus ábhar Gaeilge ar fud an chórais meán agus moltaí a dhéanamh chun feabhas a chur ar a soláthar. Tá an t-athbhreithniú seo ar bun agus tá idirchaidreamh á dhéanamh ag TG4 le Coimisiún na Meán. Táimid ag tnúth lena mholtaí.

**TG4 agus an Geilleagar Cruthaitheach Réigiúnach**

Rinne TG4 €31.78m[10] a infheistiú in ábhar ó earnáil neamhspleách na hÉireann, a ndearnadh €29m de a infheistiú i réigiúin na hÉireann. Ar an iomlán, d'infheistíomar 75% de chistiú poiblí TG4 in ábhar ó earnáil na léiriúchán neamhspleách.

Trí chaiteachas TG4 le hearnáil na léiriúchán neamhspleách Éireannach, ceannaímid ó chuideachtaí cruthaitheacha na hÉireann, tacaímid le tionsclaíocht agus le tallann léiriúcháin, poist agus ioncaim réigiúnacha a fhorbairt, agus cabhraímid le geilleagar cruthaitheach réigiúnach na hÉireann a chothú agus a thógáil.

D'infheistigh TG4 chomh maith in earnáil na léiriúchán Gaeilge in 2023, an tríú bliain san áireamh den scéim oiliúna d'iontrálaithe nua san earnáil léiriúcháin i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta. Thacaigh seo le 18 n-oiliúnaí trí shocrúcháin oibre bliana a chur ar fáil i gcuideachtaí léiriúcháin neamhspleácha. Ina theannta sin, sholáthair TG4 ocht socrúchán oibre/n-intéirneacht bhliana in TG4 féin agus chuir sé tús le socrúchán printíseachta dhá bhliain.

Rinneamar suirbhé in 2023 ar earnáil léiriúchán neamhspleách na hÉireann maidir lena dearcadh i leith TG4. Léirítear sna torthaí go n-aontaíonn 89% d'fhreagróirí leis go dtacaíonn TG4 le tallann agus fiontraíocht Éireannach agus réigiúnach léiriúcháin ar an scáileán. Ábhar mór sásaimh dúinn an toradh seo mar gheall go dtaispeántar ann an caidreamh dearfach oibre atá againn leis an earnáil.

**Straitéis agus Cistiú TG4**

Ghlac an Dáil in 2023 le Ráiteas Straitéise 2023 ina gcuirtear i láthair ár bhfís chomh maith leis an straitéis leis an bhfís seo a sholáthar agus sonraí faoi infheistíocht phoiblí in TG4 agus faoi na



***Barragram*** léirithe ag Aisling Productions

tairbhí agus an toradh a bhainfear ón infheistíocht sin d'Éirinn, ó thaobh na sochaí agus na teanga de.

Cé go nglacann TG4 le ról ríthábhachtach chun an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach a chur chun cinn i measc lucht féachana níos fairsinge, tá ár straitéis dírithe go príomha ar réimse poiblí a chruthú do phobal labhartha na Gaeilge, stádas náisiúnta a chruthú don teanga agus an teanga a phríomhshruthú laistigh den réimse náisiúnta. Tá de chuspóir againn infheistiú breise a dhéanamh i seirbhísí dár gcroílucht féachana Gaeilge agus Gaeltachta agus cabhrú le húsáid laethúil na Gaeilge a chothú.

Tá baint bhunúsach le soláthar rathúil straitéis nua TG4 ag méadú ar ár gcistiú. Gabhaimid buíochas leis an Rialtas as ár gcistiú a neartú le ceithre bhuiséad anuas. Táimid an-bhuíoch ar fad den chistiú breise a fuaireamar in 2023. Ina ainneoin sin, tá i bhfad níos lú ag TG4 ó thaobh cistiú agus scála i gcomparáid le craoltóirí teangacha mionlaigh Eorpacha eile. Is é S4C sa Bhreatain Bheag an cainéal is comhionainne le TG4 agus is ionann a bhuiséad agus dhá oiread bhuiséad TG4. Is amhlaidh seo in ainneoin go bhfuil geilleagar i bhfad níos saibhre ag Éirinn ná mar atá ag an mBreatain Bheag, go bhfuil daonra níos mó ag Éirinn agus go bhfuil líon níos mó cainteoirí Gaeilge in Éirinn (i gcomparáid le cainteoirí na Breatnaise).

Is amhlaidh seo, sa mhullach air sin, in ainneoin go bhfuil stádas bunreachtúil ag an nGaeilge (mar gheall gurb í an teanga náisiúnta an chéad teanga oifigiúil) agus mar gheall go bhfuil

*"Barragram takes viewers on a wild ride through Ireland's most breath-taking locations."*

*Meath Chronicle 1/11/23*

[10] Gan cearta spóirt ná ceoil san áireamh.



***Inis na nIontas*** léirithe ag One Tribe TV agus Boulder Creek International

*"Ardal O'Hanlon goes back to his roots for first ever Irish language show"*

Fiona Audley, *The Irish Post* 21/12/23

cuspóirí TG4, mar a leagtar amach san Acht Craolacháin, beagnach mar an gcéanna le cuspóirí RTÉ. Dá ainneoin sin, déanann an Stát i bhfad níos lú infheistíochta in TG4 ná mar a dhéantar in RTÉ agus is ionann ár gcistiú don bhliain 2024 agus beagnach €6 mhilliún níos lú ná an sprioc-chistiú inár straitéis a ceadaíodh sa Dáil.

Léirítear i dtaighde Aontas Craolacháin na hEorpa (EBU) go bhfuil Éire i measc trí thír i margaí móra in iarthar na hEorpa ina ndéantar na Meáin Seirbhíse Poiblí a thearc-chistiú i gcomparáid lena ngeilleagair faoi seach, agus baineann Éire áit sa tríú íochtarach amach i measc mhargaí uile Aontas Craolacháin na hEorpa. Mhol an Coimisiún um Thodhchaí na Meán go dtabharfaidh an Rialtas samhail nua chistithe phoiblí isteach ó 2024, a aistreoidh ón táille ceadúnais teilifíse agus ó chistiú an Státchiste go córas atá bunaithe go hiomlán ar chistiú Státchiste a thiomsaítear ó ioncam cánach ginearálta.

Déanfar cinneadh ar an sásra cistithe do Mheáin Seirbhíse Poiblí in 2024. Nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh maidir le candam agus sásra cistithe RTÉ, is gá don Rialtas cinneadh a dhéanamh ar an gcandam cistithe do TG4. Creidimid go láidir gur cheart gurbh ionann cistiú poiblí TG4 agus 50% de chistiú poiblí RTÉ agus gur féidir an sprioc chistithe seo a bhaint amach de réir a chéile idir 2025 agus 2030. Baineann ríthábhacht le cistiú leor-dhóthanach a dhéanamh ar na meáin Ghaeilge don chéad ghlúin eile de chainteoirí Gaeilge agus chun tacú le todhchaí inmharthana do phobal labhartha na Gaeilge in Éirinn.

**Luach ar Airgead agus Rialachas**

Geallaimid gach bliain cistiú poiblí TG4 a chaitheamh ar bhealaí a dhéanann an luach is fearr don lucht féachana agus luach ar airgead a bhaint amach. Caithimid an tsuim is mó agus is féidir ar ábhar Gaeilge agus cinntímid go mbíonn costais foirne agus forchostais chomh híseal agus is féidir.

D'infheistíomar 84% de chistiú poiblí TG4 in 2023 in ábhar Gaeilge. Gan costais foirne léiriúcháin a áireamh, b'ionann costais foirne agus an Bhoird agus beagán faoi bhun 10% dár gcaiteachas. Taispeántar sa taighde ar chostais oibriúcháin bhall eile de Mheáin Seirbhíse Poiblí in Aontas Craolacháin na hEorpa go bhfuil sciar chostais foirne agus fhorchostais TG4 den chaiteachas oibriúcháin i bhfad níos ísle ná formhór na MSPanna eile in Aontas Craolacháin na hEorpa.

Anuas ar a chinntiú go mbaineann TG4 luach ar airgead amach, tá rialachas láidir bunúsach. Cinntímid go ndéantar maoirseacht ardchaighdeáin ar TG4 agus ar mhaithe leis an díospóireacht phoiblí a bhí ar bun le déanaí maidir le rialachas sna Meáin Seirbhíse Poiblí a chur san áireamh, d'fhorbraíomar innéacs nua tuairiscithe a dhéanann ár ndea-chleachtas a thomhas maidir le ceithre phríomhlimistéar rialachais: (1) trédhearcacht; (2) cuntasacht airgeadais; (3) comhlíonadh rialála; agus, (4) rialuithe inmheánacha. Déanaimid iontaoibh as TG4 a thomhas freisin agus tugadh le fios i suirbhé neamhspleách IPSOS MRBI a rinneadh in 2023 go n-aithníonn breis agus beirt as gach triúr daoine

fásta in Éirinn (68%) branda TG4 amhail a bheith iontaofa.

**Focal Buíochais**

Thar ceann TG4, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Catherine Martin, TD, agus leis an iarArd-Rúnaí Katherine Licken agus lena hoifigigh eile sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Is rímhór againn a dtacaíocht agus a méaduithe ar chistiú do Mheáin Seirbhíse Poiblí Gaeilge. Cuirimid fáilte roimh an Ard-Rúnaí nua, Feargal Ó Coigligh, agus guímid gach rath air ina ról nua. Táimid ag tnúth le hoibriú leis agus lena oifigigh in 2024 agus sna blianta amach romhainn.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le gach ball de Bhord TG4 as an tseirbhís shár-luachmhar a sholáthair siad don eagraíocht. Is mian liom buíochas ar leith a chur in iúl do Bhríd Ní Fhachtna agus do Frank Reidy, ar tháinig a dtéarmaí chun críche in 2023. Chuir siad go rímhór le hobair TG4 agus táimid fíorbhuíoch díobh. Ba mhaith liom buíochas a chur in iúl, chomh maith, don Chathaoirleach, Anna Ní Ghallachair, a rinne stiúradh saineolach ar eagraíocht TG4 le linn tréimhsí dúshlánacha do na Meáin Seirbhíse Poiblí.

Gabhaim buíochas le heagraíochtaí eile a n-oibríonn TG4 leo, Coimisiún na Meán, Fís Éireann, Údarás na Gaeltachta, an Ciste Craoltóireachta Gaeilge i dTuaisceart Éireann agus RTÉ ina measc. Táimid an-bhuíoch chomh maith as na comhlachtaí spóirt, cultúrtha agus Gaeilge uile lena n-oibrímid. Aithnímid an t-ollmhéid a chuireann siad le seirbhísí TG4. Ba mhaith liom ár mbuíochas a thabhairt le fios freisin dár gcomhghleacaithe in earnáil na léiriúchán neamhspleách. Cuireann tallann na hearnála méid ollmhór le TG4 agus lenár lucht féachana agus le hinbhuanaitheacht na Gaeilge agus an chultúir. Táimid ag tnúth le hoibriú leis an earnáil arís in 2024.

Ba mhaith liom buíochas a chur in iúl, chomh maith, do mo chomhghleacaithe anseo in TG4. D'oibrigh siad go dian dícheallach i rith 2023 lenár bhfís uaillmhianach don tseirbhís a sholáthar agus táim fíorbhuíoch de gach duine díobh. Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh, ar ndóigh, le lucht féachana TG4. Tugtar le fios i dtaighde neamhspleách go n-aithníonn 8 as gach 10 duine fásta in Éirinn TG4 mar an beart is dearfaí chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus creideann 9 as gach 10 duine fásta go bhfuil gá soiléir le TG4 sa chraoltóireacht in Éirinn agus go bhfuil ról soiléir aige inti[11]. Cuirimid buíochas in iúl dár lucht féachana go léir as páirt a ghlacadh inár seirbhísí agus taitneamh a bhaint astu.



***Lyra*** léirithe ag Erica Starling Productions Ltd

*"A new JLo movie and a Lyra McKee documentary — what to watch this week"*

Sarah Finnan, *Image*, 8/5/23

**An Bhliain Amach Romhainn**

Bliain ríthábhachtach a bheidh in 2024 do TG4 agus do na meáin Ghaeilge agus táimid ag tnúth le hidirchaidreamh a dhéanamh le Coimisiún na Meán maidir leis an athbhreithniú ar sheirbhísí na meán Gaeilge. Tá súil againn go n-aithneofar san athbhreithniú seo go dteastaíonn níos mó infheis-tíochta sna meáin Ghaeilge agus infheistíocht ar scála níos airde in earnáil léiriúcháin na meán Gaeilge agus go mbeidh sé táirgiúil agus tairbhiúil do shochaí na hÉireann agus dár ngeilleagar araon.

Táimid ag tnúth freisin le haistriú chuig smacht neamhspleách eagarthóireachta a bheith againn ar ár seirbhísí nuachta agus cúrsaí reatha. Rud é seo dá dtugann TG4 agus ár mBord céadtús áite agus táimid ag súil le toradh dearfach do TG4, dár lucht féachana Gaeilge agus do phobal labhartha na Gaeilge agus na Gaeltachta.

**Alan Esslemont**
***Ard-StiúrthóirTG4***

24 Meitheamh 2024

[11] Uile-Vóta IPSOS, Samhain 2023.

# Ráiteas faoi Chúrsaí Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

***Cúrsaí Rialachais***

Cuireadh Bord TG4 ar bun faoin Acht Craolacháin 2001. Leagtar feidhmeanna an Bhoird amach in alt 87 den Acht Craolacháin 2009. Tugann an Bord cuntas don Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Táthar freagrach as an dea-rialachas a chinntiú agus déantar sin trí aidhmeanna agus spriocanna straitéise a leagan síos agus cinntí straitéise maidir leis na príomhcheisteanna gnó ar fad a dhéanamh. Is ar an bPríomhfheidhmeannach agus ar an meitheal shinsearach bainistíochta a leagtar an fhreagracht as an ngnáthbhainistíocht ó lá go lá agus as TG4 a rialú agus a stiúradh. Ní mór don Phríomhfheidhmeannach agus don mheitheal shinsearach bainistíochta an stiúir straitéise ghinearálta arna leagan amach ag an mBord a leanúint agus a chinntiú go mbíonn tuiscint léir ghlan ag gach comhalta den Bhord ar na bearta agus ar na cinntí príomhthábhachtacha ar fad a bhaineann leis an eintiteas agus ar ábhar suntasach baoil a d'fhéadfadh a theacht chun cinn. Feidhmíonn an Príomhfheidhmeannach mar cheangal díreach caidrimh idir an Bord agus lucht bainistíochta TG4. Tá comhaontú formhaoirseachta bhliantúil i bhfeidhm idir Teilifís na Gaeilge agus an Roinn Turasóireachta, Cultúr, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

***Freagrachtaí an Bhoird***

Leagtar obair agus freagracht an Bhoird amach i dtéarmaí tagartha an Bhoird ina luaitear chomh maith na nithe sin ar leis an mBord amháin cinneadh a dhéanamh ina leith. Ar na réimsí oibre a bhíonn ar chlár oibre an Bhoird lena meas go rialta, áirítear:

- dearbhuithe maidir le leas,
- tuairiscí ó na coistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuairiscí ar chúrsaí feidhmíochta, agus
- nithe forchoimeádta.

Tá ceangailte ar Bhord TG4 faoi Alt 109 den Acht Craolacháin 2009 cuntas cuí cothrom a choinneáil, i bhfoirm a aontaíonn an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Méan, ar an airgead ar fad a fhaightear agus a chaitear.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, éilítear ar Bhord TG4:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta comhleanúnach,
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta & críonna a dhéanamh
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnótha leantaigh ach amháin sa chás nach mbeadh sé ciallmhar a cheapadh go leanfadh an Bord ag feidhmiú
- a lua cibé an ndearnadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme a leanúint, faoi réir ag aon athrú ábhartha óna dhéanamh sin

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád ónar léir, go réasúnta cruinn ag aon tráth ar bith, staid airgeadais an ghnóthais agus lenar féidir a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais mar atá dlite faoi alt 109 den Acht Craolacháin 2009. Is ar an mBord a leagtar an fhreagracht maidir le heolas corparáide agus faisnéis airgeadais a chur ar fáil ar láithreán gréasáin TG4 agus maidir le hiomláine an ábhair sin.

Tá an Bord freagrach as an bplean bliantúil agus as an mbuiséad bliantúil a aontú. Rinneadh athbhreithniú maidir le feidhmíocht TG4 i gcomórtas leis an bplean bliantúil agus leis an mbuiséad ar an 22 Aibreán 2024.

Tá an Bord freagrach freisin as na sócmhainní a choimirciú agus dá réir sin as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois nó mírialtacht eile a sheachaint agus a thabhairt chun aire.

Is é tuairim an Bhoird go bhfuil léargas cruinn cothrom ó ráitis airgeadais TG4 ar an bhfeidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais TG4 amhail an 31 Nollaig 2023.

***Struchtúr an Bhoird***

Cathaoirleach, an tArdstiúrthóir (mar chomhalta de bhrí oifige) agus 10 ghnáthchomhalta atá ar an mBord, iad ar fad arna gceapadh ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Rinneadh gach ceapachán nua chuig an mBord a cheapadh ar feadh tréimhse ceithre bliana, agus ceapadh gach comhalta athcheaptha ar feadh trí bliana breise. Tagann an Bord le chéile ar bhonn rialta.

Amhail an 31 Nollaig 2023, bhí 6 chomhalta baineann (60%) agus 4 chomhalta fireann (40%) ar an mBord, agus bhí dhá fholúntas le líonadh. De bhrí sin, comhlíonann an Bord an sprioc atá leagtha amach ag an Rialtais go mbeadh ar a laghad 40% de gach inscne i mBallraíocht na mBord Stáit.

Leagtar amach sa tábla thíos mioneolas faoi thréimhsí ceapacháin na gcomhaltaí reatha:

| Comhalta Boird | Ról | Dáta arna Cheapadh |
|---|---|---|
| Alan Esslemont (An tArd-Stiúrthóir) | Príomhfheidhmeannach | 14/10/2016 |
| Anna Ní Ghallachair | Cathaoirleach | 29/11/2022 |
| Mairéad Ní Nuadháin | Gnáthchomhalta | Athcheapadh 29/11/2022 |
| Siobhán Ní Ghadhra | Gnáthchomhalta | Athcheapadh 29/11/2022 |
| Darach Ó Tuairisg | Gnáthchomhalta | Athcheapadh 29/11/2022 |
| Seán Ó Domhnaill | Gnáthchomhalta | 08/05/2020 |
| Róisín Ní Ráighne | Gnáthchomhalta | 29/11/2022 |
| Aedín O'Leary | Gnáthchomhalta | 29/11/2022 |
| Seán Ó Cuirreáin | Gnáthchomhalta | 29/11/2022 |
| Sonia Nic Giolla Easbuig | Gnáthchomhalta | 07/02/2023 |
| Bríd Ní Fhachtna | Gnáthchomhalta | Dáta Scoir 21/12/2023 |
| Frank Reidy | Gnáthchomhalta | Dáta Scoir 21/12/2023 |

Rinne an Bord Athbhreithniú agus Measúnóireacht ar Éifeachtúlacht an Bhoird i mí na Samhna 2023.

Tá chúig choiste curtha ar bun ag an mBord mar seo a leanas:

**1. An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca:** Cúigear comhaltaí Boird atá ina gcomhaltaí den choiste seo chomh maith le ball seachtrach don Choiste. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca cúnamh a thabhairt i ndáil leis na cúraimí a leagtar ar an mBord maidir le hábhar riosca, cúrsaí rialála agus rialachais agus dearbhú ina leith sin. Tá an Coiste neamhspleách ar lucht bainistíochta airgeadais na heagraíochta. Déanann an Coiste, go háirithe, a chinntiú go mbíonn monatóireacht á déanamh go gníomhach agus go neamhspleách ar na córais rialála inmheánacha, na bearta iniúchóireachta san áireamh. Tugann an Coiste tuairisc don Bhord ar gach cruinniú de chuid an Choiste chomh maith le tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid i scríbhinn.

Is iad comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca: Seán Ó Cuirreáin (Cathaoirleach), Mairéad Ní Nuadháin, Anna Ní Ghallachair agus Aedín O'Leary agus bhí folúntas amháin ar an gCoiste ag 31.12.2023. Bhí Bríd Ní Fhachtna ina Cathaoirleach ar an gcoiste seo go dtí mí na Nollag 2023, nuair a tháinig deireadh lena tréimhse. Is í Róise Ní Bhaoill ball seachtrach an Choiste. Tionóladh 4 chruinniú den Choiste i rith na bliana 2023.

**2. An Coiste Luach Saothair:** Triúr comhaltaí Boird atá ina gcomhaltaí den choiste seo. Seo a leanas comhaltaí an choiste: Anna Ní Ghallachair (Cathaoirleach) agus Seán Ó Cuirreáin agus bhí folúntas amháin ar an gCoiste ag 31.12.2023. Bhí dhá chruinniú den choiste Luach Saothair ann in 2023.

**3. An Coiste Branda:** Triúr comhaltaí Boird atá ina gcomhaltaí den choiste seo. Seo a leanas comhaltaí an choiste: Róisín Ní Raighne (Cathaoirleach) agus Siobhán Ní Ghadhra agus bhí folúntas amháin ar an gCoiste ag 31.12.2023. Tionóladh 3 chruinniú den Choiste i rith na bliana 2023.

**4. An Coiste Digiteach:** Beirt comhaltaí Boird atá ina gcomhaltaí den choiste seo. Seo a leanas comhaltaí an choiste: Darach Ó Tuairisg (Cathaoirleach) agus Seán Ó Domhnaill. Tionóladh cruinniú amháin den Choiste i rith na bliana 2023.

**5. An Nuacht agus Cúrsaí Reatha:** Triúr comhaltaí Boird atá ina gcomhaltaí den choiste seo. Seo a leanas comhaltaí an choiste: Mairéad Ní Nuadháin (Cathaoir-leach), Seán Ó Cuirreáin agus Seán Ó Domhnaill. Is Coiste nua é seo a cuireadh le chéile i dtreo dheireadh mhí na Nollag 2023. Tionóladh an chéad chruinniú den Choiste seo in 2024.

**Sceideal maidir le cúrsaí Tinrimh, Táillí agus Costais:**
Leagtar amach sceideal thíos maidir le cúrsaí tinrimh ag cruinnithe an Bhoird agus Choistí an Bhoird i rith na bliana 2023 chomh maith leis na táillí agus na costais a fuair gach comhalta

**Na Príomhathruithe Pearsanra**
Tháinig deireadh le tréimhse beirt chomhaltaí Boird i mí na Nollaig 2023. I mí Márta 2024, ceapadh beirt comhalta Boird nua. Ní dearnadh aon athruithe ar an mbainistíocht shinsearach in 2023.

**Sceideal maidir le cúrsaí Tinrimh, Táillí agus Costais**
Leagtar amach sceideal thíos maidir le cúrsaí tinrimh ag cruinnithe an Bhoird agus Choistí an Bhoird i rith na bliana 2023 chomh maith leis na táillí agus na costais a fuair gach comhalta

| | An Bord | An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | An Coiste Luach Saothair | An Coiste Branda | An Coiste Digiteach | Táillí 2023 € | Costais 2023 € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Líon na gCruinnithe** | **7** | **4** | **2** | **3** | **1** | | |
| Alan Esslemont | 7 | - | - | - | - | | |
| Anna Ní Ghallachair (Cathaoirleach) | 7 | 4 | 2 | - | - | 21,600 | 6,996 |
| Mairéad Ní Nuadháin | 7 | 4 | - | - | - | 12,600 | 3,898 |
| Siobhán Ní Ghadhra | 6 | - | - | 3 | - | 12,600 | - |
| Darach Ó Tuairisg | 7 | - | - | - | 1 | 12,600 | 440 |
| Seán Ó Domhnaill | 7 | - | - | - | 1 | 12,600 | 468 |
| Róisín Ní Ráighne | 7 | - | - | 3 | - | 12,600 | 1,609 |
| Aedín O'Leary | 7 | 4 | - | - | - | 12,600 | 1,185 |
| Seán Ó Cuirreáin | 7 | - | 2 | - | - | 12,600 | - |
| Sonia Nic Giolla Easbuig (Ceaptha 07/02/2023) | 7 | - | - | - | - | 11,292 | 5,140 |
| Bríd Ní Fhachtna (Dáta Scoir 21/12/2023) | 7 | 4 | 2 | - | - | 12,309 | 4,341 |
| Frank Reidy (Dáta Scoir 21/12/2023) | 7 | 4 | - | - | - | 12,309 | 381 |
| Ilchaiteachais | | | | | | | 12,496 |
| Lís Ní Dhálaigh (Rúnaí an Bhoird) | | | | | | | |
| | | | | | | **145,710** | **36,954** |

Baineann na costais seo le freastal ar chruinnithe Bord, fochoistí agus cruinnithe agus imeachtaí eile ina róil mar Chomhaltaí ar Bhord TG4

**Nochtadh atá dlite faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)**

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcloíonn TG4 lena n-éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilítear nochtadh mar seo a leanas a dhéanamh faoin gCód sin:

***Costas Comhairleoireachta***

Áirítear le costas comhairleoireachta an costas a ghabhann le comhairle sheachtrach ar an lucht bain-istíochta agus ní thugtar feidhmeanna ghnáthdhéanamh an ghnó san áireamh.

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Comhairle dlí | 24,164 | 9,566 |
| Comhairle airgeadais | 12,903 | 10,251 |
| Gnóthaí margaíochta | 182,254 | 161,138 |
| Acmhainní Daonna/Pinsin | 29,735 | 10,290 |
| Forbairt gnó | 45,556 | 75,065 |
| Eile | 25,535 | 61,801 |
| **Iomlán an chostais comhairleoireachta** | **320,147** | **328,111** |
| Costas comhairleoireachta arna chaipitliú | – | – |
| Costas comhairleoireachta a luaitear de mhuirear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 320,147 | 328,111 |
| **Iomlán** | **320,147** | **328,111** |

***Caiteachas ar Thaisteal agus ar Chothabháil***

Déantar an caiteachas ar thaisteal agus ar chothabháil a rangú mar seo a leanas:

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| In Éirinn: | | |
| An Bord | 24,458 | 6,638 |
| An Fhoireann | 134,689 | 77,523 |
| Thar lear: | | |
| An Bord | - | - |
| An Fhoireann | 78,376 | 66,853 |
| **Iomlán** | **237,523** | **151,014** |

***Caiteachas Fáilteachas***

Luaitear caiteachas fáilteachas mar seo a leanas sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Fáilteachas foirne | 70,534 | 69,438 |
| Fáilteachas cliaint | 3,584 | 20,695 |
| **Iomlán** | **74,118** | **90,133** |

***Ráiteas faoi chúrsaí Comhlíontais***

Chomhlíon TG4 na coinníollacha uile maidir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016, ach amháin na cásanna eisceachta seo a leanas:

Ní dhéanann TG4 sonraí faoi shochair ghearr-théarmacha fhostaithe is mó ná €60,000 a nochtadh de réir bhandaí €10,000 sa tuarascáil bhliantúil mar a d'éileofaí a dhéanamh faoin gCód Cleachtais mar gheall ar íogaire an eolais sin ó thaobh cúrsaí tráchtála. Tá an cás eisceachta sin maidir leis an gCód aontaithe leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meáin agus déanfar a nochtadh i dTuarascáil an Chathaoirligh leis an Aire.

Tá TG4 ag cloí leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí.



Anna Ní Ghallachair
Cathaoirleach
Bord TG4

24 Meitheamh 2024

# Athbhreithniú Airgeadais 2023

**Athbhreithnithe Ioncaim agus Caiteachais**
Déantar athbhreithniú sa tuarascáil seo ar fheidhmíocht ioncaim agus caiteachais TG4 in 2023 i dtéarmaí a príomhfhoinsí agus úsáid ioncaim, príomhspreagthóirí costais an chainéil, agus a fócas foriomlán ar éifeachtúlacht agus ar luach ar airgead. Déantar comparáid freisin san athbhreithniú idir feidhmíocht TG4 in 2023 agus in 2022 faoi na ceithre cheannteideal seo a leanas:

1. Ioncam
2. Caiteachas Oibriúcháin
3. Rialú Costas agus Éifeachtúlacht sa bhliain 2023
4. Caiteachas ar Ábhar Gaeilge sa bhliain 2023

**1. Ioncam**
Mar is léir ó Thábla 1 thíos, b'ionann an t-ioncam iomlán (maoiniú reatha státchiste agus ioncam tráchtála) in 2023 agus €53.53m (2022: €46.18m). I gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, tháinig ardú 15.9% ar ioncam TG4. B'ionann maoiniú reatha státchiste (le deontas €100k NDNA san áireamh) agus €48.13m (2022: €40.95m) den ioncam sin agus b'ionann é agus 89.9% (2022: 88.7%) d'ioncam iomlán TG4, leis an ioncam tráchtála ag léiriú 10% in 2023 ag €5.4m (2022: €5.2m).

Mhéadaigh an t-ioncam tráchtála 3.25%. Is feidhmíocht fhónta é sin i mbliain a bhí an-iomaíoch ó thaobh an margadh fógraíochta agus fógraíochta teilifíse in Éirinn.

Tábla 1: **Ioncam TG4 2023**

| Cur síos | 2023 €'000 | 2023 % | 2022 €'000 | 2022 % |
|---|---|---|---|---|
| Deontas i gCabhair | 48,033 | 89.7% | 40,733 | 88.2% |
| Maoiniú NDNA | 100 | 0.2% | 100 | 0.2% |
| Maoiniú breise i leith Costais Tarchuir HD | – | 0.0% | 116 | 0.3% |
| Tráchtáil (fógraíocht agus urraíocht) | 3,880 | 7.2% | 3,424 | 7.4% |
| Tráchtáil eile | 1,519 | 2.8% | 1,805 | 3.9% |
| **Teacht isteach iomlán** | **53,532** | **100%** | **46,178** | **100%** |

**2. Caiteachas Oibriúcháin**
I dtéarmaí an chaiteachais oibriúcháin bhliantúil, leag TG4 béim leanúnach ar shamhail oibriúcháin atá chomh héifeachtúil agus is féidir agus ar bhainistíocht costas chun luach ar airgead a chinntiú i ngach gníomhaíocht. B'ionann an caiteachas oibriúcháin iomlán agus €57.76m in 2023, ardú 25.18% ar an €46.14m a caitheadh in 2022. Féach **Tábla 2** thíos.

Tábla 2:
**Caiteachas Oibriúcháin TG4 2023 i gcomparáid le 2022**

| Cur síos | €'000 2023 | €'000 2022 | % Athrú 2023 Vs 2022 |
|---|---|---|---|
| Costas na nDíolachán | 1,263 | 1,174 | 7.6% |
| Costais Foirne | 8,273 | 6,945 | 19.1% |
| Caiteachas Clár | 41,024 | 32,091 | 27.8% |
| Caiteachas Eile (Forchostais, Tarchur agus costais Mhargaíochta san áireamh) | 7,197 | 5,928 | 21.4% |
| **Caiteachas Oibriúcháin Iomlán** | **57,757** | **46,138** | **25.18%** |

**3. Rialú Costas agus Éifeachtúlacht**
Lean TG4 ag feidhmiú go héifeachtúil, go héifeachtach ó thaobh costas de agus go stuama in 2023. Baineadh coigilteas amach i réimse leathan ionaid costas agus baineadh tuilleadh leasa as acmhainní inmheánacha chun ábhar a chur ar fáil ar rátaí i bhfad níos éifeachtaí ó thaobh costas de.

**4. Caiteachas ar Ábhar Gaeilge 2023**
Mar a léirítear ina gealltanais don bhliain, bhí TG4 tiomanta 79% ar a laghad dá mhaoiniú reatha Státchiste a chaitheamh ar ábhar Gaeilge a léiriú. Mar a léirítear i dTábla 3 thíos, 82% den mhaoiniú Státchiste ab ea an caiteachas iarbhír. Caitheadh an 18% eile den mhaoiniú Státchiste in 2023 ar tharchur, craoladh agus cur chun cinn an sceidil agus ar fhorchostais ghinearálta.

Tábla 3: **Caiteachas ar Ábhar Gaeilge 2023**

| Cur síos | 2023 €'000 | 2023 % | 2022 €'000 | 2022 % |
|---|---|---|---|---|
| Maoiniú Reatha Státchiste (fuarthas in 2023)* | 54,233 | 100% | 42,933 | 100% |
| Cláir Ghaeilge a ceannaíodh**: | | | | |
| Coimisiúnaithe | 36,395 | 67% | 28,521 | 67% |
| Faighte/dubáilte/fotheidealaithe | 4,489 | 8% | 3,499 | 8% |
| Costais na foirne léiriúcháin (tuarastail san áireamh) | 3,697 | 7% | 2,235 | 8% |
| **Costas Iomlán ar Léiriúcháin Ábhair Gaeilge** | **44,581** | **82%** | **34,255** | **80%** |

** áirítear leis seo €6.2m de mhaoiniú caipitil a úsáideadh do chláracha (€2.2m sa bhliain 2022)*
*(san áireamh anseo tá €4m maoiniú caipitil forlíontach le h-úsáid do chláracha)*
*** is é seo an caiteachas iarbhír a tabhaíodh ar na costais seo in 2023*

# Ráitis Airgeadais

*Clár*


Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird 35

Ráiteas um Rialú Inmheánach 36

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena tíolacadh do Thithe an Oireachtais 38

Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe 40

Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais 41

Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid 42

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 43

# Ráitis Airgeadais

## Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023**

Leis an Acht Craolacháin 2009, ceanglaítear ar an mBord ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais, ar ráitis iad ina dtugtar léargas fíor cothrom ar staid ghnóthaí Theilifís na Gaeilge agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain lena mbaineann.

Le linn na ráitis sin a ullmhú, ceanglaítear ar an mBord:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhréireach ina dhiaidh sin
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus críonna a dhéanamh
- Nochtadh a dhéanamh, agus míniú a thabhairt, i leith aon uaire nach ndéantar de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme, agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura rud é nach oiriúnach glacadh leis go leanfaidh Teilifís na Gaeilge de bheith ar marthain.

Tá an Bord freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád ina nochtar go réasúnta cruinn, aon tráth áirithe, staid airgeadais Theilifís na Gaeilge agus trína gcumasaítear don Bhord a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais forálacha an Achta agus na Prionsabail Chuntasaíochta a nGlactar leo i gcoitinne Éirinn.

Ina theannta sin, tá an Bord freagrach as sócmhainní Theilifís na Gaeilge a choimirciú agus as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Coimeádtar leabhair chuntais an Bhoird in Oifigí Theilifís na Gaeilge, Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe.

Thar ceann Bhord Theilifís na Gaeilge:

Anna Ní Ghallachair
Cathaoirleach

24 Meitheamh 2024

# Ráitis Airgeadais

## Ráiteas um Rialú Inmheánach

**Scóp Freagrachtaí**

Admhaím, thar ceann TG4, freagracht an Bhoird as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtúil maidir leis an rialáil inmheánach ar bun agus á chur i bhfeidhm. Tagann san áireamh leis an bhfreagracht sin gach a n-éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

**An Cuspóir atá leis an gCóras Rialála Inmheánach**

Tá leagtha amach go ndéanfaí bainistíocht i ndáil le hábhar baoil leis an gcóras rialála inmheánach a d'fhágfadh an baol ar leibhéal inseasta seachas a bheith in ann a chur ar neamhní ar fad. Is deimhniú réasúnach dá bhrí sin, seachas deimhniú iomlán, is féidir a thabhairt leis an gcóras go ndéantar na sócmhainní a chaomhnú, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus tuairisc chuí a choimeád orthu agus go ndéantar aon earráid nó mírialtacht ábhartha a chosc nó a thabhairt chun aire go tráthúil.

Bhí an córas rialála inmheánach, a thagann leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, ar bun ag TG4 i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus anall go dtí an dáta ar aontaíodh na ráitis airgeadais.

**Ábaltacht Riosca a láimhseáil**

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag TG4 a bhfuil cúigear de chomhaltaí an Bhoird, agus ball seachtrach den Choiste, a bhfuil eolas agus taithí acu ar chúrsaí airgeadais agus iniúchóireachta. Tá duine den cúigear ina Chathaoirleach. Bhí ceithre cinn de chruinnithe ag an gCoiste sin i rith na bliana 2023.

Tá feidhm maidir le hiniúchóireacht inmheánach curtha ar bun freisin ag TG4 agus acmhainní leordhóthanacha á gcur ina leith ionas go ndéantar clár oibre a aontaítear leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Tá polasaí maidir leis an mbainistíocht ar ábhar baoil curtha le chéile ag an gCoiste ina leagtar amach an oiread baoil a bhfuiltear sásta dul ann, na próisis bainistíochta maidir le réimsí baoil atá curtha ar bun agus mioneolas faoin ról atá le baill éagsúla foirne maidir le hábhar baoil agus an fhreagracht atá orthu ina leith. Cuireadh an polasaí sin ar fáil don uile dhuine den fhoireann a n-éilítear orthu oibriú de réir pholasaithe bainistíochta TG4 i ndáil le hábhar baoil d'fhonn an lucht bainistíochta a chur ar an airdeall faoi réimsí baoil a bheadh ag teacht chun cinn agus faoi aon easnamh maidir le bearta rialála agus ionas go nglacfaidís cúram maidir leis an ábhar baoil agus na bearta rialála a bhaineann lena réimse oibre féin.

**Creatlach Riosca agus Rialaithe**

Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag TG4 lena dtugtar chun aire na príomhréimsí baoil ionas go dtugtar tuairisc orthu sin agus ar na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun teacht rompu agus, a oiread agus is féidir, an baol a mhaolú.

Tá clár réimsí baoil curtha ar bun ar a sonraítear na príomhréimsí baoil atá roimh TG4 agus déantar iad a shonrú, a mheas agus a rangú de réir a thormchúisí atá siad. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca breithniú agus leasú bliantúil ar an gclár. Baintear úsáid as toradh na measúnóireachta sin ar mhaithe le pleanáil agus chun acmhainní a leithroinnt sa chaoi is go gcinntítear bainistíocht á déanamh i ndáil le réimsí baoil ionas go bhfágtar an baol ar leibhéal inghlactha.

Tugtar mioneolas sa chlár réimsí baoil ar na bearta rialála agus na gníomhartha eile is gá chun ábhar baoil a mhaolú agus luaitear an dualgas maidir leis na bearta rialála a dhéanamh le daoine sonracha den lucht foirne. Deimhním go bhfuil córas rialála ar bun ar gnéithe dá chuid iad seo a leanas:

- tá tuairisc i scríbhinn ar an nós imeachta maidir le gach ceann de na príomhphróisis gnó,
- tá cúraimí sonracha, agus an fhreagracht dá réir, maidir le cúrsaí airgeadais curtha i leith dhaoine faoi leith ar leibhéal na bainistíochta,
- tá córas cuí buiséid ar bun lena mbaineann buiséad bliantúil a choinníonn daoine sinsearacha den lucht bainistíochta faoi athbhreithniú,
- tá córais ar bun a bhfuil d'aidhm leo iontaofacht na gcóras maidir le teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide a chinntiú,
- tá córais ar bun chun na sócmhainní a chaomhnú

**Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach**

Tá nós imeachta foirmeálta curtha ar bun maidir le monatóireacht a dhéanamh ar na próisis rialála agus cuirtear aon easnamh maidir le cúrsaí rialála in iúl don té atá freagrach as beart bisigh ina leith agus go luath-thráthúil don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is cuí sin. Deimhním go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha seo a leanas ar bun:

- tá na príomhréimsí baoil agus na bearta rialála ina leith sin tugtha chun suntais agus próisis curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na mbeart rialála sin agus tuairisc a thabhairt ar aon easnamh a thugtar chun aire,
- tá socruithe tuairiscíochta curtha ar bun ar gach leibhéal ar a leagtar cúram maidir le bainistíocht airgeadais, agus
- déanann daoine sinsearacha den lucht bainistíochta athbhreithniú go tráthrialta chomh maith le hathbhreithniú ceann bliana ar thuairiscí feidhmíochta agus ar thuairiscí airgeadais maidir le toradh na beartaíochta i gcomórtas le buiséid/réamh-mheastacháin.

**Soláthar**

Deimhním go bhfuil nós imeachta ar bun ag TG4 ionas go gcinntítear go mbítear ag cloí leis na rialacha agus na treoirlínte reatha maidir le cúrsaí soláthair agus gur chloí TG4 leo sa bhliain 2023.

**Athbhreithniú ar an Éifeachtúlacht**

Deimhním go bhfuil nós imeachta ar bun ag TG4 chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht an nós imeachta maidir le bainistíocht agus rialáil i ndáil le hábhar baoil. Tagann monatóireacht agus breithneoireacht TG4 ar éifeachtúlacht an chórais maidir leis an rialáil airgeadais inmheánach faoi anáil obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus na n-iniúchóirí seachtracha, faoi scáth an Choiste Iniúchóireachta & Riosca agus ábhar baoil a dhéanann maoirseacht ar an obair sin, agus faoi choimirce dhaoine sinsearacha den lucht bainistíochta taobh istigh de TG4 atá freagrach as an gcreatchóras maidir leis an rialáil airgeadais inmheánach a thabhairt chun cinn agus a choinneáil sa siúl.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil maidir leis an éifeachtúlacht a ghabh leis na bearta rialála inmheánacha i ndáil leis an mbliain 2023 ar an 11 Nollaig 2023.

**Bearta Rialála Inmheánacha**

Níor tugadh aon easnamh maidir leis na bearta rialála inmheánacha chun suntais i ndáil leis an mbliain 2023 a mbeadh nochtadh ina leith sna ráitis airgeadais de dhíth.

Anna Ní Ghallachair
Cathaoirleach

24 Meitheamh 2024

# Ráitis Airgeadais

## Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena Tíolacadh do Thithe an Oireachtais

**Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023**

**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### Teilifís na Gaeilge

#### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais Theilifís na Gaeilge don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 mar a éilítear faoi fhorálacha alt 109 den Acht Craolacháin 2009. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de

- ráiteas maidir le hioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim coinnithe
- ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- ráiteas maidir le sreabhadh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Theilifís na Gaeilge amhail an 31 Nollaig 2023 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain 2023 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (CTA) 102 — *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.*

#### *An bonn atá leis an tuairim*

Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnaisúnta d'Ard-Institiúidí Iniúchóireachta. Déantar cur síos san aguisín atá leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm de réir na gcaighdeán sin. Táim neamhspleách ar Theilifís na Gaeilge agus tá mo fhreagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir *Chód Eitice na hEagraíochta Idirnáisiúnta d'Ard-Institiúidí Iniúchóireachta.*

Measaim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá aimsithe agam leordhóthanach agus ábhartha chun bonn a chur faoi mo thuairim.

#### Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile

Tá faisnéis ar leith eile curtha i láthair ag Teilifís na Gaeilge in éineacht leis na ráitis airgeadais. Tá an fhaisnéis sin comhdhéanta den tuarascáil bhliantúil, san aireamh an ráiteas faoi chúrsaí rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird, agus an ráiteas um rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín atá leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisciú i leith faisnéis den chineál sin agus ar ábhair ar leith eile lena dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon ní le tuairisciú agam i leith sin.

**Seamus Mac Cárthaigh**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**26 Meitheamh 2024**

# Ráitis Airgeadais

## Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena Tíolacadh do Thithe an Oireachtais

**Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 (ar lean)**

### Aguisín don tuarascáil

#### Freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird

Mar atá leagtar amach sa ráiteas faoi chursaí rialachas agus tuarascáil comhaltaí an Bhoird na freagrachtaí atá ar chomhaltaí an Bhoird. Tá an Bord freagrach as

- na ráitis airgeadais bliantúil a ullmhú ar an mbealach a fhorordaítear faoi alt 109 den Acht Craolacháin 2009
- a chinntiú go dtugann na ráitis léargas fíor agus cothrom de réir CTA 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheas cibé an bhfuil úsáid as an mbonn cuntasaíochta gnóthas leantach oiriúnach, agus
- rialú inmheánach a chinneann siad atá riachtanach d'fhonn ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé mar thoradh ar chalaois nó earráid.

#### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi alt 109 den Acht Craolacháin 2009 ráitis airgeadais Theilifís na Gaeilge a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu chuig Tithe an Oireachtais.

An cuspóir atá agam le linn an iniúchta ná teacht ar dhearbhú réasúnach cibé an bhfuil na ráitis airgeadais tríd is tríd saor ó aon mhíráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe ach ní hionann é is barántas go dtiocfar i gcónaí, le linn iniúchadh a dtugtar faoi de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht, ar mhíráitis ábhartha nuair is ann dóibh. D'fhéadfadh míráitis eascairt ó chalaois nó ó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha má tá ionchas réasúnach ann go n-imreoidh siad, astu féin nó le chéile, tionchar ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a dhéantar bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh a sheoltar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil i gcaitheamh an iniúchta. Is mé á dhéanamh sin,

- aithním na rioscaí atá ann i leith míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais cibé mar thoradh ar chalaois nó earráid agus déanaim measúnú orthu; leagaim amach nósanna imeachta iniúchta mar fhreagra ar na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus tagaim ar fhianaise iniúchta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a chur faoi mo thuairim. Tá an riosca a bhaineann le gan míráiteas ábhartha ó chalaois a bhrath níos airde ná ó earráid mar go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a leagan amach atá ábhartha sna cúinsí atá i gceist, ach ní chun críocha tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar ábharthacht na mbeartas cuntasaíochta agus a réasúnach is atá meastacháin chuntasaíochta agus nochtuithe bainteacha.
- Socraím chomh oiriúnach is atá sé úsáid a bhaint as an mbonn cuntasaíochta gnóthas leantach agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a dtagaim air, cibé an bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó coinníollacha a chaithfeadh amhras suntasach ar chumas Theilifís na Gaeilge leanúint mar ghnóthas leantach. Má shocraím go bhfuil mhíchinnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe bainteacha sna ráitis airgeadais nó, má tá nochtuithe den chineál sin neamhleordhóthanach, mo thuairim a leasú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a dtángthas uirthi go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí amach anseo stop a chur ar Theilifís na Gaeilge leanúint mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar an gcur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais tríd is tríd lena n-áirítear na nochtuithe agus cibé an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha ar bhealach a thugann léiriú cóir.

Chomh maith le nithe eile, cuirim scóip agus am an iniúchta in iúl dóibhsean atá freagrach as rialachas chomh maith le torthaí suntasacha iniúchta lena n-áirítear aon easnaimh mhóra sa chóras rialaithe inmheánaigh a aithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím trí eisceacht, más é mo thuairim,

- nach bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- cibé an raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach chun iniúchadh ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais nó
- mura bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais

Ní chuimsíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair in éineacht leis na ráitis sin agus ní thugaim aon dearbhú ar aon bhealach ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh an t-eolas eile a chuirtear i láthair a léamh agus lena linn sin a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ag teacht go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta nó más léir go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist. Má shocraím, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist sa bhfaisnéis eile seo, éilítear orm tuairisciú ina leith sin.

#### Tuairisc ar nithe eile

Tugadh faoin iniúchadh de réir breithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú. Tuairiscím má fhaighim go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Lorgaím fianaise faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má thug m'iniúchadh aird ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

# Ráitis Airgeadais

Teilifís na Gaeilge
**Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023**

| | Nótaí | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Díolacháin** | | | |
| Ioncam tráchtála | 3 | 5,399 | 5,229 |
| Costas díolacháin | 3 | (1,263) | (1,174) |
| **Glan Díolacháin** | | 4,136 | 4,055 |
| | | | |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais foirne | 4 | 8,273 | 6,945 |
| Speansais agus táillí chomhaltaí an Bhoird | 5 | 183 | 106 |
| Caiteachas clár | 6 | 41,024 | 32,091 |
| Costais tarchuir | | 1,878 | 1,396 |
| Margaíocht agus taighde | 7 | 2,597 | 2,192 |
| Forchostais | 8 | 2,722 | 2,340 |
| Dímheas | 9 | 2,160 | 2,233 |
| **Caiteachas Iomlán** | | 58,837 | 47,303 |
| | | | |
| **Glan chaiteachas oibriúcháin don bhliain** | | (54,701) | (43,248) |
| | | | |
| Barrachas/(easnamh) ar dhiúscairt sócmhainní seasta | | 0 | 0 |
| | | (54,701) | (43,248) |
| | | | |
| Cistíocht stáit | 13 | 54,720 | 43,262 |
| | | | |
| **Barrachas/(easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas** | | 19 | 14 |
| | | | |
| Cánachas | 14 | **(16)** | **(2)** |
| | | | |
| **Barrachas/(easnamh) coinnithe don bhliain airgeadais** | | **3** | **12** |

**Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí ó 1 – 30**

Ní raibh aon bhrabús ná caillteanas sa bhliain seachas mar a tuairiscíodh ins an I&C.

Thar ceann Bhord Theilifís na Gaeilge:

**Anna Ní Ghallachair**
Cathaoirleach

**Alan Esslemont**
Ard-Stiúrthóir

24 Meitheamh 2024

# Ráitis Airgeadais

Teilifís na Gaeilge
**Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023**

| | Nótaí | €'000 | 2023 €'000 | €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | | | |
| Sócmhainní seasta inláimhsithe | 9 | | 5,900 | | 6,048 |
| Sócmhainní seasta doláimhsithe | 11 | | 3,687 | | 2,809 |
| | | | 9,587 | | 8,857 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Infháltais | 15 | 3,115 | | 2,668 | |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | 16 | 589 | | 1,340 | |
| Réamhíocaíochtaí Clár | 17 | 9,686 | | 8,948 | |
| | | 13,390 | | 12,956 | |
| **Dliteanais Reatha** | | | | | |
| Iníocaíochtaí | 18 | (4,143) | | ( 4,508) | |
| **Glan Sócmhainní Reatha** | | | 9,247 | | 8,448 |
| **Glan Sócmhainní** | | | **18,834** | | **17,305** |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | | |
| Deontais chaipitil | 10 | | 5,866 | | 5,958 |
| Deontais reatha iarchurtha | 12 | | 13,373 | | 11,755 |
| Cúlchistí ioncaim | 19 | | (405) | | ( 408) |
| | | | **18,834** | | **17,305** |

**Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí ó 1–30.**

Thar ceann Bhord Theilifís na Gaeilge:

**Anna Ní Ghallachair**
Cathaoirleach

**Alan Esslemont**
Ard-Stiúrthóir

24 Meitheamh 2024

# Ráitis Airgeadais

Teilifís na Gaeilge

**Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023**

| | Nótaí | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|---|
| Barrachas/(easnamh) roimh cháin i leith gnáthghníomhaíochtaí | | 19 | 14 |
| Dímheas | | 2,160 | 2,233 |
| Amúchadh ar chostais clár | | 38,117 | 29,226 |
| Amúchadh ar dheontais rialtais | | (8,292) | (4,362) |
| Amúchadh ar dheontais leithroinnte do chostais clár | | (38,117) | (29,226) |
| (Ardú)/Laghdú ar Infháltais | | (447) | (473) |
| (Ardú)/Laghdú ar Réamhíocaíochtaí Clár | | (738) | (939) |
| Ardú/(Laghdú) in Iníocaíochtaí | | (355) | 617 |
| Cánachas Íoctha | | (24) | 12 |
| Ús faighte | | – | – |
| **Airgead tirim ó oibriúcháin** | | **(7,677)** | **(2,898)** |
| Ús a íocadh | | – | – |
| **Glan-airgead tirim a gineadh ó ghníomhaíochtaí** | | **(7,677)** | **(2,898)** |
| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Sócmhainní Seasta Inláimsithe a ceannaíodh | **9** | (2,012) | (2,054) |
| Cláir coimisiúnaithe agus cláir a ceannaíodh | **11** | (38,995) | (30,473) |
| Barrachas/(easnamh) ar dhiúscairt sócmhainní seasta | | – | – |
| Deontais caipitil Stáit | **13** | 8,200 | 4,200 |
| Deontais a fuarthas agus leithroinnte do shócmhainní clár | | 39,733 | 31,411 |
| **Glan-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | **6,926** | **3,084** |
| | | | |
| **Glanmhéadú/(laghdú) in airgead tirim agus comhluach in airgead tirim** | **20** | **(751)** | **186** |

**Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí ó 1 – 30.**

Thar ceann Bhord Theilifís na Gaeilge:

**Anna Ní Ghallachair**
Cathaoirleach

**Alan Esslemont**
Ard-Stiúrthóir

24 Meitheamh 2024

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Nótaí**

**1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA**

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhréireach le linn déileáil le hítimí a mheastar a bheith ábhartha i dtaca leis na ráitis airgeadais.

a) **Bunú Theilifís na Gaeilge**

Is é Teilifís na Gaeilge an craoltóir Gaeilge a bunaíodh faoi Reacht agus atá ag feidhmiú anois faoin Acht Craolacháin 2009.

b) **Ráiteas Comhlíontachta**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Theilifís na Gaeilge don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscíochta airgeadais atá infheidhme sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC) agus arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

c) **Bunús an réamh-mheasa agus breithiúnais shuntasacha chuntasaíochta agus na príomhchúiseanna atá le neamhchinnteacht meastachán**

Ullmhaítear na ráitis airgeadais in euro, slánaithe go dtí an míle is gaire (€000), arb é airgeadra feidhmiúil Teilifís na Gaeilge é.

D'fhonn na ráitis airgeadais a ullmhú ní mór don bhainistíocht breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na suimeanna a thuairscítear i ndáil le sócmhainní agus dliteanais amhail dháta an Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais agus ar na suimeanna a thuairiscítear i ndáil le hioncam agus le caiteachas i gcaitheamh na bliana.

Is é nádúr na meastachán, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhír a bheith éagsúil ó na meastacháin sin.

d) **Aithint Ioncaim**

*Ioncam tráchtála:*

Is ionann ioncam tráchtála agus ioncam ó dhíolacháin ama craolta, ó urraíocht agus ó ghníomhaíochtaí foghabhálacha. Déantar díolacháin a thaispeántar glan ar CBL a aithint sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe nuair a chuirtear an tseirbhís ar fáil.

Tagann díolacháin as idirbhearta babhtála chun cinn nuair a dhéantar seirbhísí ama craolta a mhalartú ar sheirbhísí neamhionanna agus nuair a mheastar go bhfuil substaint tráchtála san idirbheart. Tomhaistear idirbhearta den sórt seo ag luach cóir na seirbhísí a fhaightear, arna gcoigeartú de réir aon mhéideanna airgid agus coibhéisí airgid a aistrítear.

Déantar coimisiún maidir leis na díolacháin sin a mhuirearú sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe de réir mar a thabhaítear é.

e) **Caiteachas**

Cuimsíonn caiteachas, caiteachas oibriúcháin agus caiteachas caipitiúil.

Cuimsíonn glanchaiteachas oibriúcháin caiteachas ar chláir agus caiteachais riaracháin, glan ar ioncam tráchtála.

Déantar caiteachas ar chláir a mhuirearú sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe de réir mar a thabhaítear é.

f) **Deontais Stáit**

I bhfoirm deontais a fhaightear ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meáin, agus deontais a fhaightear ó ham go chéile do thionscadail sonracha ó Údarás Craolacháin na hÉireann faoi chlár Fís agus Fuaime an Údaráis a dhéantar maoiniú ar ghlan-chaiteachas oibríochta Theilifís na Gaeilge.

Aithnítear deontais faoin modh fabhraithe. Déantar an chuid den deontas a bhaineann le Sócmhainní Seasta Doláimhsithe — Clár Caipitilithe agus Réamhíocaíochtaí Cláir a iarchuir agus aithint san Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe de réir mar a amúchta na speansais.

I bhfoirm deontais a fhaightear ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meáin agus deontais a fhaightear ó am go chéile do thionscadail shonracha ó Údarás Craolacháin na hÉireann faoi chlár Fís agus Fuaim an Údaráis a dhéantar maoiniú ar chaiteachas caipitil. Déantar amúchadh ar na deontais sin ar an mbonn céanna le dímheas a dhéanamh ar luach na sócmhainní bainteacha.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Nótaí**

g) **Sócmhainní seasta inláimhsithe**
Déantar sócmhainní seasta inláimhsithe a thaispeáint de réir costais lúide dímheas agus aon soláthar i leith lagaithe.

Déantar dímheas a sholáthar ar gach sócmhainn seasta inláimhsithe, cé is moite de thalamh, de réir rátaí a ríomhtar chun costas bunaidh gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhonn líne dírí thar a saolré ionchasach, lúide luach iarmharach measta, mar a leanas;

Déantar costais forbartha bogearraí, lena n-áirítear pá, costais bhogearraí ar mhórchórais chun ábhar a scaipeadh, tairsí, aipeanna fóin agus araile a chaipitliú agus a dhímheas i gcomhréir leis an gcostas trealaimh gaolmhar ón dáta a gcuirtear i bhfeidhm iad nó thar shaolré úsáideach ionchais na gcostas caipitlithe. Bíonn na rátaí sin idir 33% agus 100%.

| | % |
|---|---|
| Talamh agus Foirgnimh | 2.5 |
| Trealamh | 20 |
| Fearais agus Feistis | 10 |
| Gléasanna Móibíleacha | 33 |

h) **Sócmhainní airgeadais — infheistíocht i Multiplex Broadcasting Services Northern Ireland Limited**
Déanann Teilifís na Gaeilge cuntas i leith a infheistíochta in Multiplex Broadcasting Services Northern Ireland Limited a thabhairt de réir costais (féach nóta 24). Folaíonn Sócmhainní Seasta suim €1 i leith a hinfheistíochta i ngnáthscaireanna na cuideachta sin.

Bunaíodh an chuideachta mar eagraíocht neamhbhrabúsmhar agus déanann RTÉ agus Roinn Cultúir, Meán agus Spóirt na Ríochta Aontaithe na costais ina leith a mhaoiniú.

Mar thoradh air sin, ní thaispeánann ráitis airgeadais Theilifís na Gaeilge aon ioncam, chostais nó aon tiomántais i leith an chomhfhiontair sin.

i) **Cánachas**
Déantar cáin chorparáide atá iníoctha a sholáthar ar bhrabúis inchánach de réir rátaí reatha.

Tugtar aitheantas do cháin iarchurtha i leith na ndifríochtaí uainithe go léir atá tionscanta, gan a bheith freaschurtha, ar dháta an Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais i gcás ina bhfuil idirbhearta nó imeachtaí, atá ina gcúis le hoibleagáid chun tuilleadh cánach a íoc sa todhchaí nó ina gcúis le ceart chun níos lú cánach a íoc sa todhchaí, tar éis tarlú ar dháta an Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais.
Is difríochtaí sealadacha iad difríochtaí ama idir barrachas a ríomhtar chun críocha cánach agus barrachas a luaitear sna ráitis airgeadais ar barrachais iad a éiríonn toisc go ndéileáiltear le hítimí áirithe ioncaim agus caiteachais sna ráitis airgeadais i mblianta éagsúla chun críocha cánach.

Déantar cáin iarchurtha a thomhas de réir na rátaí cánach a meastar ina leith go mbeidh siad i bhfeidhm sna blianta ina meastar go n-aisiompóidh na difríochtaí ama agus an méid sin bunaithe ar rátaí cánach agus ar dhlíthe a achtaíodh nó a achtaíodh go substainteach faoi dháta an Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais.

Ní lascainítear cáin iarchurtha.

j) **Airgeadra coigríche**
Déantar idirbhearta in airgeadraí coigríche a aistriú go Euro de réir na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar lá na n-idirbheart.

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta in airgeadraí coigríche a aistriú go Euro de réir an ráta malairte atá ann ar dháta an Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais agus déantar aon gnóthachain nó aon chaillteanais dá bharr sin a chur san áireamh sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain.

k) **Pinsin**
Feidhmíonn Teilifís na Gaeilge scéim ranníocaíochta sainithe dá cuid fostaithe. Coinnítear sócmhainní na scéime ar leithligh ó chuid an chomhlachta.

Déantar ranníocaíochtaí bliantúla chuig an scéim sin a chur chun dochair sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas sa bhliain lena mbaineann siad.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Nótaí**

l) **Sócmhainní Seasta Doláimhsithe**

Déantar na costais a bhaineann le Cláir Choimisiúnaithe agus na costais a bhaineann le Cláir Ceannacháin a chaipitliú mar shócmhainní seasta doláimhsithe sna ráitis airgeadais. Is éard atá i gceist le Cláir Choimisiúnaithe ná cláir atá coimisiúnaithe ag Teilifís na Gaeilge ó léiritheoirí neamhspleácha agus tá siad bunaithe ar phraghas iomlán an chonartha. Déantar costas an Chláir Choimisiúnaithe a amúchadh bunaithe ar an méid uaireanta eile ionchais a bhreathnóidh an lucht féachana ar gach tarchur mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Cláir Choimisiúnaithe Ardluacha: | 70% sa bhliain ar craoltar ar dtús é<br>20% sa bhliain i ndiaidh é a chraoladh ar dtús<br>10% sa dara bliain i ndiaidh na bliana ar craoladh ar dtús é |
| Cláir choimisiúnaithe eile agus cláir spóirt atá beo: | 100% sa bhliain ina bhfuil na cearta nó ina ndéantar na himeachtaí spóirt a chraoladh ar dtús. |

Is éard is cláir ceannacháin ann ná cláir a cheannaigh Teilifís na Gaeilge ó stiúideónna agus ó chraoltóirí tríú páirtí. Déantar iad sin a chur chun dochair sa ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas bunaithe ar an méid uaireanta eile ionchais a bhreathnóidh an lucht féachana ar gach tarchur mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Cláir Faighte: | 90% sa bhliain a chraoltar ar dtús é<br>10% sa bhliain i ndiaidh é a chraoladh ar dtús |

Ní dhéantar cláir Choimisiúnaithe & Ceannacháin a chaipitliú go dtí go mbeidh an clár ar fáil lena chraoladh.

m) **Réamhíocaíochtaí Cláir**

Déantar aon suimeanna a íoctar sula mbeidh clár ar fáil lena chraoladh a aithint mar réamhíocaíochtaí.

n) **Breithiúnais shuntasacha chuntasaíochta agus na príomhchúiseanna atá le neamhchinnteacht meastachán**

**Lagú Sócmhainní Seasta Inláimhsithe:** Déantar athbhreithniú i leith lagú ar shócmhainní atá faoi réir amúchta cibé uair a thugann imeachtaí nó athrú ar imthosca le fios go mb'fhéidir nach bhfuil an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas i leith lagú mar an difear idir an tsuim ghlanluacha sa bhreis ar an tsuim inaisghabhála. Is í an tsuim inaisghabhála an luach cóir is airde ag sócmhainn lúide costas a díola agus a luach úsáide. Chun críocha lagú a mheas déantar acmhainní a ghrúpáil ag na leibhéil is ísle ina bhfuil sreabhadh airgid inaitheanta ar leith ann dóibh (aonaid giniúna airgid). Déantar athbhreithniú ar gach sócmhainn neamh-airgeadais ar bhain lagú di ar dháta na tuairiscithe féachaint an lagú a aisiompú.

**Dímheas agus Luachanna Iarmharacha:** Tá athbhreithniú déanta ag an mbainistíocht ar shaolré agus ar luachanna iarmharacha gach aicme sócmhainne seasta agus go háirithe saolré eacnamaíoch fhónta agus luachanna iarmharacha daingneán agus feistí agus cinneadh go bhfuil saolré sócmhainní agus luachanna iarmharacha iomchuí.

**Neamhchosaint ar Airgeadra Coigríche:** Téann Teilifís na Gaeilge i mbun socruithe conartha chun soláthróirí a íoc in airgeadra nach é airgeadra an euro é. Coinníonn Teilifís na Gaeilge cuntas ar na hidirbheartaíochtaí seo de ghnáth de réir na rátaí airgeadra infheidhme ar dháta na híocaíochta. Téitear i mbun réamhchonarthaí mar chosaint ar luaineachtaí airgeadra. Bíonn na cúiseanna a rachfar i mbun conarthaí dá leithéid bunaithe ar na meastacháin is fearr ar rátaí malairte amach anseo agus ar chomhairle ghairmiúil a fháil.

**Sócmhainní Seasta Doláimhsithe:** Mar atá leagtha amach i mbeartas L déanann Teilifís na Gaeilge costas an chláir choimisiúnaithe a amúchadh bunaithe ar an méid uaireanta eile ionchais a bhreathnóidh an lucht féachana ar an chlár. Tá meastacháin den sórt sin bunaithe ar na meastacháin is fearr ón mbainistíocht.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí

**2. Príomhghníomhaíocht**

Is é príomhghníomhaíocht Theilifís na Gaeilge cainéal teilifíse Gaeilge, TG4 a fheidhmiú.

**3. Glandíolacháin**

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| **Ioncam Tráchtála** | | |
| Díolachán am craolta agus urraíocht | 3,880 | 3,424 |
| Muirear amach saoráidí | 471 | 435 |
| Ioncam ilghnéitheach | 1,048 | 1,370 |
| | 5,399 | 5,229 |
| **Costas Díolacháin** | | |
| Coimisiún ar dhíolachán fógraíochta agus urraíochta | 998 | 933 |
| Costais dhíreacha | 265 | 241 |
| | 1,263 | 1,174 |
| Glandíolacháin | 4,136 | 4,055 |

**4. Costais Foirne**

Ba 121 duine an meán uimhir fostaithe a bhí fostaithe ag Teilifís na Gaeilge le linn na bliana (2022: 106). Bhí costais fostaithe le linn na bliana comhdhéanta:

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Pá agus tuarastail | 7,107 | 6,056 |
| Costais leasa shóisialaigh | 778 | 693 |
| Costais phinsin | 763 | 684 |
| Taisteal agus cothabháil | 232 | 164 |
| Oiliúint | 156 | 143 |
| Costais eile foirne | 105 | 88 |
| | 9,141 | 7,828 |
| Costais foirne caipitlithe | (858) | ( 856) |
| Costas foirne leithdháilte go dtí an tionscadal cartlainne | (10) | ( 27) |
| Iomlán na gcostas foirne | 8,273 | 6,945 |

Faoi Chiorclán 13/2014 arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, éilítear an líon fostaithe ar tháinig a sochar iomlán fostaíochta (gan costas pinsin fostóra san áireamh) don tréimhse tuairiscithe faoi gach banda de €10,000, ó €60,000 ar aghaidh a nochtadh, chomh maith le figúir de na ranníocaíochtaí iomlána pinsin fostóra. Mar aitheantas ar thionchair um chosaint sonraí nó rioscaí eile, ag glacadh san áireamh go bhfuil Teilifís na Gaeilge ag feidhmiú i dtimpeallacht tráchtála thar a bheith iomaíoch, agus le cead na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meáin, déanfar na bandaí tuarastail a nochtadh i ráiteas bliantúiil an Chathaoirligh chuig an Aire.

| **Luach Saothair an Ard-Stiúrthóra – Alan Esslemont** | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Bunthuarastal | 140 | 140 |
| Ranníocaíochtaí pinsin an fhostóra | 21 | 21 |
| | 161 | 161 |

Tá an tArd-Stiúrthóir ina bhall de scéim ranníocaíocht shainithe Teilifís na Gaeilge agus tugann Teilifís na Gaeilge 15.29% de thuarastal an Ard-Stiúrthóra don scéim ar a shon.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Nótaí**

**5. Costais an Bhoird**

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Táillí chomhaltaí an Bhoird (Nóta 22) | 146 | 97 |
| Taisteal agus cothabháil agus speansais eile | 37 | 9 |
| | 183 | 106 |

Cúitítear costais cothabhála agus taistil le baill an bhoird. €2,871 an cháin atá iníoctha ag Teilifís na Gaeilge maidir le costais dá leithéid i 2023 (2022: €337)

**6. Costais Clár**

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Cláir choimisiúnaithe cláraithe agus amúchta sa tréimhse | 35,053 | 26,352 |
| Cláir ceannacháin cláraithe agus amúchta sa tréimhse | 3,064 | 2,874 |
| Costais dubála agus costais eile | 2,907 | 2,865 |
| | 41,024 | 32,091 |

**7. Margaíocht agus Taighde**

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Fógraíocht agus margaíocht | 2,363 | 1,878 |
| Tomhais agus taighde ar an lucht féachana | 232 | 312 |
| Speansais comhairle an lucht féachana | 2 | 2 |
| | 2,597 | 2,192 |

**8. Forchostais**

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Speansais áitrimh agus trealaimh | 997 | 759 |
| Speansais ghairmiúla agus airgeadais | 347 | 292 |
| Tobhach tionscail íoctha | 787 | 687 |
| Speansais ghinearálta agus oifige | 591 | 602 |
| | 2,722 | 2,340 |

**9. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe**

| | Talamh agus Foirgnimh | Trealamh agus Gléasanna Móibíleacha | Fearais agus Feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Ar 1 Eanáir 2023 | 8,643 | 11,683 | 602 | 20,928 |
| Breisithe | 88 | 1,890 | 34 | 2,012 |
| Diúscairt | (2) | (217) | (4) | (223) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **8,729** | **13,356** | **632** | **22,717** |
| **Dímheas Carntha** | | | | |
| Ar 1 Eanáir 2023 | 4,649 | 9,959 | 272 | 14,880 |
| Muirear don bhliain | 221 | 1,900 | 39 | 2,160 |
| Diúscairt | (2) | (217) | (4) | (223) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **4,868** | **11,642** | **307** | **16,817** |
| **Glanluach Leabhair** | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **3,861** | **1,714** | **325** | **5,900** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2022** | **3,994** | **1,724** | **330** | **6,048** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí

**10. Deontais Chaipitil**

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| **Deontais chaipitil — faighte agus infhaighte** | | |
| Iarmhéid Tosaigh | 40,199 | 35,999 |
| Deontais a fuarthas le linn na bliana **(Nóta 13)** | 8,200 | 4,200 |
| Iarmhéid Deiridh | 48,399 | 40,199 |
| **Amúchadh** | | |
| Iarmhéid Tosaigh | 34,241 | 29,879 |
| Amúchta le linn na bliana | 8,292 | 4,362 |
| Iarmhéid Deiridh | 42,533 | 34,241 |
| **Glanluach leabhair — deontais chaipitil** | **5,866** | **5,958** |

Léiríonn deontais chaipitil an maoiniú stáit a fuarthas i ndáil le caiteachas caipitil a thabhaigh Teilifís na Gaeilge. Amúchtar deontais chaipitil ar an mbonn céanna a ndéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

**11. Sócmhainní Seasta Doláimhsithe**

| | Coimisiúnaithe Cláir €'000 | Ceannachán Cláir €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| Ar 1 Eanáir 2023 | 113,478 | 14,876 | 128,354 |
| Breisithe | 35,830 | 3,165 | 38,995 |
| Diúscairt | (21,644) | (3,327) | (24,971) |
| **Ar 31 Nollaig 2023** | **127,664** | **14,714** | **142,378** |
| **Amúchadh Carntha** | | | |
| Ar 1 Eanáir 2023 | 110,856 | 14,689 | 125,545 |
| Amúchta sa bhliain | 35,053 | 3,064 | 38,117 |
| Diúscairt | (21,644) | (3,327) | (24,971) |
| **Ar 31 Nollaig 2023** | **124,265** | **14,426** | **138,691** |
| **Glanluach leabhair** | | | |
| **Ar 31 Nollaig 2023** | **3,399** | **288** | **3,687** |
| **Ar 31 Nollaig 2022** | **2,622** | **187** | **2,809** |

**12. Deontais reatha iarchurtha**

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| **Deontais Iarchurtha amhail an 1 Eanáir** | 11,755 | 9,570 |
| Deontais reatha — faighte sa bhliain **(Nóta 13)** | 48,046 | 41,085 |
| Deontais a úsáideadh sa bhliain | (46,428) | ( 38,900) |
| **Deontais Iarchurtha amhail an 31 Nollaig** | 13,373 | 11,755 |

**13. Maoiniú Stáit**

Is ionann deontais ón Roinn Turasóireachta, Cultiúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán agus maoiniú Rialtais a fhaightear i leith caiteachas reatha a thabhaíonn Teilifís na Gaeilge.

**Maoiniú stáit curtha chun sochair an Chuntais Ioncaim & Caiteachais sa bhliain**

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Deontas a úsáideadh sa bhliain **(Nóta 12)** | 46,428 | 38,900 |
| Deontas caipitil amúchta **(Nóta 10)** | 8,292 | 4,362 |
| | 54,720 | 43,262 |

| Ba é an leithroinnt iomlán don bhliain 2023 ná €56.246m a bhí comhdhéanta de: | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais a fuarthas ón RTCEGSM i ndáil le caiteachas reatha (Vóta 33 — Fo-Cheannteideal B5) | 48,033 | 40,733 |
| Deontais a fuarthas ó Choimisiún na Meán i ndáil le thionscadal cartlainne | 13 | 236 |
| Deontais a fuarthas ón RTCEGSM i ndáil le caiteachas reatha ó thaobh uasghrádú HD | - | 116 |
| Deontais a ndearnadh iarratas orthu chun críocha caipitil ón RTCEGSM (Vóta 33 — Fo-Cheannteideal B5) | 8,200 | 4,200 |
| Iomlán a Fuarthas | 56,246 | 45,285 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Nótaí**

**14. Cáin ar Bharrachas ó Ghnáthghníomhaíochtaí**

| | | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|---|
| (a) | *Anailís ar mhuirear cánach sa bhliain* | | |
| | Muirear cháin chorparáide don bhliain | 14 | 12 |
| | Muirear cháin chorparáide don bhliain roimhe sin | 2 | (10) |
| | Aisíoc ar an muirear Cánach Corparáide i mblianta roimhe sin | - | - |
| | | 16 | 2 |

(b) *Fachtóirí le tionchar ar mhuirear cánach na bliana*
Tá an ráta éifeachtach cánach don bhliain níos airde ná ráta caighdeánach cháin chorparáideach na hÉireann de 12.5%. Tá na difríochtaí mínithe thíos:

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Barrachas/(Easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas | 19 | 14 |
| Barrachas/(Easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí arna iolrú faoi ráta caighdeánach cháin chorparáide na hÉireann de 12.5% (2022: 12.5%) | 3 | 2 |
| *Tionchair de:* | | |
| Ioncaim incháinithe ag ráta cánach níos airde | 15 | 15 |
| Barrachas na ndeontas caipitil a amúchtar agus liúntas chaipitiúla thar dímheas | – | – |
| Leithdháileadh ar chaillteanais na bliana reatha | (4) | (5) |
| | 14 | 12 |

**15. Infháltais**

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Infháltais | 2,051 | 1,831 |
| CBL inaisíoctha | 317 | 128 |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | 747 | 709 |
| | 3,115 | 2,668 |

Meastar go bhfuil gach iarmhéid inaisghabhála laistigh de bhliain amháin

**16. Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh**

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Banc | 589 | 1,340 |
| | 589 | 1,340 |

San áireamh sa chuntas bainc tá €458,000 atá coinnithe ar iontaobhas ó Fís Éireann

**17. Réamhíocaíochtaí Clár**

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Cláir Coimisiúnaithe | 9,103 | 8,539 |
| Cláir a ceannaíodh | 583 | 409 |
| | 9,686 | 8,948 |

**18. Iníocaíochtaí — dlite laistigh de bhliain amháin**

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Suimeanna Iníoctha Trádála | 1,463 | 1,197 |
| Fabhruithe agus ioncam iarchurtha | 2,680 | 3,301 |
| Cáin chorparáideach iníochta | – | 10 |
| | 4,143 | 4,508 |

**19. Cúlchistí**

| | Cúlchiste Ioncam €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2023 | (408) | ( 408) |
| Easnamh don Bhliain | 3 | 3 |
| Iarmhéid deiridh amhail an 31 Nollaig 2023 | (405) | ( 405) |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí

**20. Anailís ar Athruithe i nGlanchistí**

| | Iarmhéid Tosaigh €'000 | Sreabhadh Airgid €'000 | Iarmhéid Deiridh €'000 |
|---|---|---|---|
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | – | – | – |
| Taiscí ghearrthéarmacha | 1,340 | (751) | 589 |
| | 1,340 | (751) | 589 |

**21. Pinsean**

D'fheidhmigh Teilifís na Gaeilge scéim ranníocaíochta sainithe dá cuid fostaithe.
Maoinítear an scéim agus coinnítear sócmhainní ar leithligh ó shócmhainní Theilifís na Gaeilge.

| Tabhaíodh na costais phinsin seo a leanas le linn na bliana: | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Scéim ranníocaíochtaí sainithe | 763 | 684 |
| | 763 | 684 |

**22. Na Stiúrthóirí agus an Rúnaí agus a Leasanna**

Tugtar thíos na Stiúrthóirí agus Rúnaí a d'fhóin i rith na bliana:

| Stiúrthóir/Rúnaí | Dáta a ceapadh le linn na bliana (más ann) | Táillí 2023 €'000 | Táillí 2022 €'000 |
|---|---|---|---|
| Alan Esslemont (An tArd-Stiúrthóir) | | – | – |
| Anna Ní Ghallachair (An Cathaoirleach) | | 21.6 | 2.0 |
| Siún Ní Raghallaigh (An Cathaoirleach) (Dáta Scoir 15/04/2022) | | - | 6.2 |
| Des Geraghty (Dáta Scoir 15/04/2022) | | - | 3.6 |
| Mairéad Ní Cheóinín (Dáta Scoir 15/04/2022) | | - | 3.6 |
| Micheál Seoighe (Dáta Scoir 15/04/2022) | | - | 3.6 |
| Michelle Ní Chróinín (Dáta Scoir 15/04/2022) | | - | - |
| Bríd Ní Fhachtna (Dáta Scoir 21/12/2023) | | 12.3 | 12.6 |
| Frank Reidy (Dáta Scoir 21/12/2023) | | 12.3 | 12.6 |
| Mairéad Ní Nuadháin (Athcheaptha 29/11/2022) | | 12.6 | 12.3 |
| Siobhán Ní Ghadhra (Athcheaptha 29/11/2022) | | 12.6 | 12.3 |
| Darach Ó Tuairisg (Athcheaptha 29/11/2022) | | 12.6 | 12.3 |
| Séan Ó Domhnaill | | 12.6 | 12.6 |
| Róisín Ní Ráighne | | 12.6 | 1.2 |
| Aedín O'Leary | | 12.6 | 1.2 |
| Seán Ó Cuirreáin | | 12.6 | 1.2 |
| Sonia Nic Giolla Easpuig | 07/02/2023 | 11.3 | – |
| Lís Ní Dhálaigh (Rúnaí an Bhoird) | | – | – |
| | | 145.7 | 97.3 |

Costais €36,954 a bhain le baill an Bhoird i 2023, (2022: €9,395) le haghaidh: taisteal intíre €11,512 (2022: €2,849), cothabháil €12,946 (2022: €3,789) agus costaisí eile (rúnaíocht agus traenáil san áireamh) €12,496 (2022: €2,757).

Faoi réir na bhforálacha san Acht Craolacháin 2009, ghlac an Bord le nós imeachta maidir le nochtadh leasanna áirithe ag comhaltaí agus comhlíonadh an nós imeachta seo i rith na bliana.

**23. Áitreabh**

Feidhmíonn Teilifís na Gaeilge as áitribh atá lonnaithe i mBaile na hAbhann, Co na Gaillimhe.
Tá úinéireacht ag Teilifís na Gaeilge ar rúileas an áitreabh i mBaile na hAbhann.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Nótaí**

**24. Sócmhainní airgeadais**

Is comhfhiontar neamhbhrabúis é Multiplex Broadcasting Services Northern Ireland Limited (MBSN) a bhunaigh Teilifís na Gaeilge agus RTÉ i nDeireadh Fómhair 2012. Bunaíodh an comhfiontar chun tarchur digiteach trastíre saor go haer i dTuaisceart Éireann a éascú maidir le Teilifís na Gaeilge, RTÉ1 agus RTÉ2. Trí gnáth-scair atá i scairchaipiteal na cuideachta, dhá cheann in úinéireacht RTÉ agus ceann in úinéireacht Teilifís na Gaeilge. Rinne MBSN comhaontú le RTÉ agus Roinn Cultúir, Meán agus Spóirt na Ríochta Aontaithe (DCMS) inar haontaíodh gur seasfaidh RTÉ (dhá dtrian) agus DCMS (aon trian) costais tarchuir MBSN. Maoinítear costais eile ar nós costais réamh-chorpraithe agus costais leanúnacha riaracháin de réir an choibhnis chéanna ag RTÉ agus DCMS.

**25. Tiomantais Chlár/Chearta Ceannacháin**

| Tá tiomantais chlár/chearta ceannacháin ag Teilifís na Gaeilge mar seo leanas: | **2023 €'000** | **2022 €'000** |
|---|---|---|
| Conarthaí ach ní raibh soláthar déanta ina leith ag deireadh na bliana | 79,424 | 87,388 |

**26. Tiomantais**

| Tá tiomantais chaipitil ag Teilifís na Gaeilge mar seo a leanas: | **2023 €'000** | **2022 €'000** |
|---|---|---|
| Conarthaí ach ní raibh soláthar déanta ina leith ag deireadh na bliana | 126 | 88 |

**27. Idirbheartaíocht RTÉ**

Fuair Teilifís na Gaeilge 374 uair de chláir Gaeilge saor in aisce ó RTÉ sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2023, amach as an 365 uair a bhaineann leis an oibleagáid reachtúil. San áireamh anseo tá 6 uair a bhaineann le easnamh ins na blianta 2018-2022.

**28. Neamhchosaint Airgeadra Coigríche**

Is as íocaíochtaí ar chláracha ceannaithe go príomha a eascrann neamhchosaint airgeadra. Fálaíonn Teilifís na Gaeilge a neamhchosaint airgeadra coigríche trí réamh-chonarthaí don US Dollar a aontú nuair is cuí, dar leis. Luach iomlán a bhí orthu seo in 2023 ná €0 (2022: €0). Ní raibh aon chonradh airgeadra coigríche amuigh ag deireadh na bliana (2022: €0).

**29. Comhaltaí Boird — Nochtadh Idirbhearta**

I ngnáthchúrsaí gnó, rinne Teilifís na Gaeilge socruithe conarthacha le gnóthais ina bhfuil Comhaltaí den Bhord fostaithe nó a bhfuil leas eile acu iontu.

Chuir Teilifís na Gaeilge modhanna imeachta i bhfeidhm de reir na dtreoirlínte i gCód Cleachtias 2016 um Rialachas Comhlachtaí Stáit i leith nochtadh leasanna ag Comhlaltaí den Bhord agus chloígh Teilifís na Gaeilge leis na modhanna sin i rith na bliana.

Ceadaíodh conraithe le luach de €5,862,365, le bheith briste síos in dhá bhliain (2023 & 2024), in 2023 i dtaca le gnóthais a raibh baint ag comhaltaí Teilifís na Gaeilge leo nó a raibh leas acu iontu go díreach nó go hindíreach a nocht siad ag cruinnithe. I measc na gcásanna a bhí ann bhí cinn a raibh comhaltaí Teilifís na Gaeilge fostaithe acu nó ag sólathar seirbhíse dóibh. Chloígh na Comhaltaí sin agus Teilifís na Gaeilge leis na treoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirihte i leith cásanna leasa pearsanta. I gcásanna a bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith ann, ní bhfuair Comhaltaí den Bhord cáipéisíocht bhoird i dtaca leis na hidirbhearta molta, agus níor ghlac na Comhaltaí sin páirt ná níor fhreastail siad ar aon phlé boird a bhain leis an ábhar.

**30. Ceadú na Ráitis Airgeadais**

Cheadaigh an Bord na Ráitis Airgeadais ar an 24 Meitheamh 2024